**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P9_TA(2021)0040

## Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach

### Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2021 maidir le Plean Gníomhaíochta nua le don Gheilleagar Ciorclach (2020/2077(INI))

*Tá Parlaimint na hEorpa*

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Márta 2020 dar teideal 'Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach: Eoraip níos glaine agus níos iomaíche' (COM(2020)0098), agus an doiciméad inmheánach oibre 'Ag díriú ar an mbealach chuig geilleagar ciorclach domhanda: staid na himeartha agus ionchas' (SWD(2020)0100),

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), lena n-áirítear SDG 12 'Tomhaltas agus táirgeadh freagrach' agus SDG 15 'An Saol ar Thalamh',

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí (COM(2020)0667)[1],

– ag féachaint don rún uaithi an 10 Iúil 2020 maidir leis an Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht[2],

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal 'Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip' (COM(2020)0102),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal 'EU Biodiversity Strategy for 2030: Bringing nature back into our lives' [Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM(2020)0380),

– ag féachaint do Thuarascáil IPBES maidir le Measúnú Domhanda ar Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais, mí Bealtaine 2019,

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal 'A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system' [Straitéis

---

1 https://ec.europa.eu/environment/pdf/chemicals/2020/10/Strategy.pdf
2 Téacsanna arna nglacadh P9_TA(2020)0201

ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM(2020)0381),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2018 dar teideal ‘A sustainable Bioeconomy for Europe: Strengthening the connection between economy, society and the environment’ [Bithgheilleagar inbhuanaithe don Eoraip: An nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú] (COM(2018)0673),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2018, dar teideal ‘A European Strategy for Plastics in a Circular Economy’ [Straitéis Eorpach maidir le Plaistigh i nGeilleagar Ciorclach] (COM(2018)0028),

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Márta 2019 maidir le fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach do gheilleagar a bheidh rathúil, nua-aimseartha, iomaíoch agus neodrach ó thaobh na haeráide de[1],

– ag féachaint don rún uaithi an 28 Samhain 2019 maidir leis an éigeandáil aeráide agus chomhshaoil[2],

– ag féachaint don rún uaithi an 4 Iúil 2017 maidir le saolré níos faide do tháirgí: buntáistí do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí[3],

– ag féachaint don rún uaithi an 9 Iúil 2015 maidir le héifeachtúlacht acmhainní: ag bogadh i dtreo geilleagar ciorclach[4],

– ag féachaint don rún uaithi an 13 Meán Fómhair 2018 maidir le cur chun feidhme an phacáiste maidir leis an ngeilleagar ciorclach, roghanna chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhéadan idir reachtaíocht ceimicí, táirgí agus dramhaíola[5],

– ag féachaint don rún uaithi an 10 Iúil 2020 maidir le cur chuige cuimsitheach Eorpach i dtaca le stóráil fuinnimh de[6],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce[7],

– ag féachaint don togra le haghaidh an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol a thíolaic an Coimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020, go háirithe an cuspóir tosaíochta dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach a leagtar amach in Airteagal 2(2)(c) den togra,

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an ‘gComhaontú Glas don Eoraip’ (COM(2019)0640),

– ag féachaint do thuarascálacha speisialta an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú

---

1 IO C 23, 21.1.2021, lch. 116).
2 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0078.
3 IO C 334, 19.9.2018, lch. 60.
4 IO C 265, 11.8.2017, lch. 65.
5 IO C 433, 23.12.2019, lch. 146.
6 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0198.
7 IO L 177, 5.6.2020, lch. 32

Aeráide (IPCC) maidir leis an athrú aeráide, fairsingiú fásaigh, díghrádú talún, bainistiú inbhuanaithe talún, slándáil bia, agus floscanna gáis cheaptha teasa in éiceachórais talún, agus maidir leis an Aigéan agus an Criosphere in Aeráid atá ag Athrú, agus tuarascáil speisialta IPCC 'Téamh Domhanda 1,5 °C', an cúigiú tuarascáil mheasúnaithe (AR5) uaidh agus an tuarascáil sintéise uaidh i Meán Fómhair 2018,

– ag féachaint don chéad Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach a seoladh in 2015 (teachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2015 dar teideal 'An Ciorcal a shlánú - Plean gníomhaíochta AE don Gheilleagar Ciorclach' (COM(2015)0614)) agus na gníomhaíochtaí a rinneadh faoin bplean sin,

– ag féachaint don rún uaithi an 10 Iúil 2020 maidir le Straitéis Ceimiceán don inbhuanaitheacht[1],

– ag féachaint don rún uaithi an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[2],

– ag féachaint don rún uaithi an 13 Meán Fómhair 2018 maidir le hábhar plaisteach i ngeilleagar ciorclach[3],

– ag féachaint don rún uaithi an 13 Meán Fómhair 2018 maidir le cur chun feidhme an phacáiste maidir leis an ngeilleagar ciorclach, roghanna chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhéadan idir an reachtaíocht um cheimiceáin, um tháirgí agus um an dramhaíl[4],

– ag féachaint don rún uaithi an 31 Bealtaine 2018 maidir le cur chun feidhme na Treorach faoi Éicidhearthóireacht[5],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le laghdú ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol[6] (an 'Treoir maidir le Plaistigh Aonúsáide'),

– ag féachaint don athbhreithniú ar reachtaíocht dramhaíola AE, a glacadh in 2018: Treoir (AE) 2018/851 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl[7] (an 'Treoir Réime Dramhaíola'); Treoir (AE) 2018/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 94/62/CE maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht[8] (an 'Treoir maidir le Dramhaíl ó Phacáistíocht'); Treoir (AE) 2018/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 1999/31/CE maidir le líonadh talún le dramhaíl[9] (an 'Treoir maidir le Líonadh Talún'); agus Treoir (AE) 2018/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoracha 2000/53/CE maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite, 2006/66/EC, maidir le cadhnraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí dramhaíola,

---

1 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0201.
2 Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0005.
3 IO C 433, 23.12.2019, lch. 136.
4 IO C 433, 23.12.2019, lch. 146.
5 IO C 76, 9.3.2020, lch. 192.
6 IO L 155, 12.6.2019, lch. 1.
7 IO L 150, 14.6.2018, lch. 109.
8 IO L 150, 14.6.2018, lch. 141.
9 IO L 150, 14.6.2018, lch. 100.

2012/19/EU, maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach[1] ,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán[2] ('Rialachán CLP'),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2017 maidir le ról na dramhaíola go fuinneamh sa gheilleagar ciorclach (COM(2017)0034),

– ag féachaint don tuarascáil 'Ionchas Acmhainní Domhanda 2019[3] ', agus don tuarascáil maidir le hÉifeachtúlacht Acmhainní agus an tAthrú Aeráide[4] ón bPainéal Idirnáisiúnta Acmhainní,

– ag féachaint don Fhoilseachán eolaíochta 'Evaluating scenarios toward zero plastic pollution' [Meastóireacht a dhéanamh ar chásanna i dtreo truailliú plaisteach nialasach][5],

– ag féachaint do Riail 54 de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do thuairimí ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, an Coiste um Iompar agus Turasóireacht agus an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0008/2021),

A. de bhrí go measann an Painéal Idirnáisiúnta Acmhainní, sa tuarascáil uaidh 'Ionchas Acmhainní Domhanda 2019', go dtagann leath d'iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus breis agus 90 % den chaillteanas bithéagsúlachta agus den strus uisce ó eastóscadh agus próiseáil acmhainní; de bhrí go n-úsáideann an geilleagar domhanda méid acmhainní is coibhéiseach le 1,5 pláinéad d'acmhainní agus go mbeadh gá cheana le 3 phláinéad, dá ndéanfaí gach duine acmhainní a ídiú ar mheánráta ídithe chónaitheoirí AE, agus de bhrí gur cheart gurbh é cuspóir uileghabhálach an gheilleagair chiorclaigh laghdú suntasach a dhéanamh ar an úsáid fhoriomlán a bhainimid as acmhainní nádúrtha agus laghdú suntasach a dhéanamh ar ár dtáirgeadh dramhaíola; de bhrí go n-éileofar leis sin fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní, agus an t-idirdhealú idir díchúpláil iomlán agus díchúpláil choibhneasta á chur san áireamh;

B. de bhrí go léiríonn na figiúirí sin an ról lárnach atá ag úsáid inbhuanaithe acmhainní, go háirithe amhábhair phríomhúla agus an gá atá le dlús a chur le gníomhaíocht ar gach leibhéal agus ar fud an domhain; de bhrí go bhfuil coincheap an gheilleagair chiorclaigh de chineál cothrománach agus go rannchuideoidh sé go mór le cuspóirí comhshaoil eile a bhaint amach, lena n-áirítear cuspóirí Chomhaontú Pháras;

C. de bhrí go bhfuil ról ríthábhachtach ag an aistriú chuig geilleagar ciorclach maidir le

---

1 IO L 150, 14.6.2018, lch. 93.
2 IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.
3 https://www.resourcepanel.org/reports/global-resources-outlook
4 https://resourcepanel.org/reports/resource-efficiency-and-climate-change
5 https://science.sciencemag.org/content/369/6510/1455

hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) AE a laghdú agus maidir le sprioc aeráide AE do 2030 agus cuspóir na nglanastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, agus go n-éilítear leis athrú ó bhonn a dhéanamh ar shlabhraí luacha ar fud an gheilleagair;

D. de bhrí, má dhéantar aistriú chuig geilleagar ciorclach, go bhféadfadh cleachtais ghnó inbhuanaithe a chur chun cinn agus de bhrí go meastar go mbeidh cuideachtaí agus geilleagair Eorpacha ar thús cadhnaíochta ina measc siúd a mbeidh an rás domhanda i dtreo na ciorclaíochta á chur chun feidhme acu, ach tairbhe á baint acu as freisin, mar gheall ar shamhlacha gnó dea-fhorbartha AE, ar an eolas ciorclach atá againn agus ar an saineolas athchúrsála atá againn;

E. de bhrí gur cheart gurb iad prionsabail an gheilleagair chiorclaigh croíghné aon bheartas tionsclaíoch Eorpach agus náisiúnta, agus croíghné Phleananna náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na mBallstát faoi chuimsiú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta;

F. de bhrí go bhfuil ídiú foriomlán fuinnimh suntasach in AE agus gur cheart go mbeadh éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsiú inbhuanaithe foinsí fuinnimh i gceist freisin le gníomhaíocht an gheilleagair chiorclaigh;

G. de bhrí go bhfuil an geilleagar ciorclach ábhartha do SDGanna éagsúla lena n-áirítear Sprioc 12 ‘Patrúin tomhaltais agus táirgthe inbhuanaithe a áirithiú’ chomh maith le Sprioc 13 maidir le ‘Gníomhaíocht ar son na haeráide’;

H. de bhrí go bhfuil dearadh chun deireadh a chur le diomailt agus truailliú ar cheann de phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh;

I. de bhrí, de réir staidéir a rinne Cambridge Econometrics le déanaí, go bhfuil an acmhainneacht ag an ngeilleagar ciorclach méadú breise 0,5 % a dhéanamh ar OTI AE agus os cionn 700 000 post nua a chruthú faoi 2030[1], agus go bhfuil sé d’acmhainneacht aige freisin cáilíocht na bpost a fheabhsú; de bhrí gur tháinig méadú 5 % ar líon na bpost a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach san Aontas Eorpach idir 2012 agus 2018, rud a d’fhag gur shroich sé thart ar 4 mhilliún; de bhrí, le beartais tacaíochta agus le hinfheistíocht tionsclaíochta, go bhfuiltear ag dréim leis go bhféadfadh luach bliantúil idir thart ar EUR 70 bn agus EUR 100 bn a bheith ag déantúsaíocht AE faoi 2030, agus fostaíocht d’idir 450 000 agus beagnach 600 000 duine a bheith ag gabháil léi;

J. de bhrí go bhfuil foinsiú inbhuanaithe agus freagrach amhábhar príomhúil ríthábhachtach chun éifeachtúlacht acmhainní a bhaint amach agus cuspóirí an gheilleagair chiorclaigh a chomhlíonadh; agus, dá bhrí sin, nach mór forbairt a dhéanamh ar chaighdeáin inbhuanaithe foinsithe d’ábhair agus do thráchtearraí tosaíochta;

K. de bhrí gur le linn chéim an dearaidh a chinntear suas le 80 % den tionchar comhshaoil a bhíonn ag táirgí agus nach dtagann ach 12 % de na hábhair a úsáideann tionscal AE ó athchúrsáil.

---

1 https://www.ellenmacarthurfoundation.org/assets/downloads/publications/EllenMacArthurFoundation_Growth-Within_July15.pdf

L. de bhrí, mar gheall ar theacht chun cinn gasta na r-thráchtála, go bhfuil méadú suntasach tagtha ar mhéid na dramhaíola ó phacáistíocht, amhail plaisteach aon úsáide agus dramhaíl chairtchláir; agus de bhrí go bhfuil loingsiú dramhaíola go tríú tíortha fós ina ábhar imní;

M. de bhrí go meastar go ngintear 88 milliún tona de dhramhaíl bhia san Aontas gach bliain agus go meastar gur ó theaghlaigh agus ó leibhéal na dtomhaltóirí a thagann breis agus 50 % den dramhaíl bhia; de bhrí go bhfuil tionchar suntasach ar an gcomhshaol ag dramhaíl bhia, arb ionann na hastaíochtaí uaithi agus thart ar 6 % d'astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa iomlán AE;

N. de bhrí go gcruthaíonn plaistigh ábhair imní ó thaobh an chomhshaoil de mura ndéantar bainistiú ceart orthu, ábhair imní amhail bruscar, deacracht athúsáide agus athchúrsála, substaintí ar údar imní iad, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus úsáid acmhainní;

O. de bhrí go bhfuil tuairim eolaíoch glactha ag ECHA chun srian a chur ar úsáid micreaphlaisteach a chuirtear d'aon ghnó le táirgí ar mhargadh AE/LEE, i dtiúchaintí ar mó iad ná 0,01 % meáchan de réir meáchain;

P. de bhrí, de réir mheastacháin na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA) gur tháinig méadú 40 % idir 1996 agus 2012 ar líon na n-éadaí a ceannaíodh in aghaidh an duine in AE agus, ag an am céanna, nár úsáideadh níos mó ná 30 % d'éadaí i vardrúis san Eoraip le bliain anuas ar a laghad. Thairis sin, a luaithe a chaitear amach iad, ní dhéantar níos mó ná leath na mball éadaigh a athchúrsáil, ach téann siad i ndramhaíl mheasctha tí agus ina dhiaidh sin seoltar chuig loisceoirí nó chuig líonadh talún iad[1];

Q. de bhrí go bhfuil os cionn dhá bhliain caite ó d'eisigh IPCC a Thuarascáil Speisialta maidir le Téamh Domhanda 1,5 °C, tuarascáil inar luadh go n-éileofaí athruithe tapa, forleathana agus gan fasach i ngach gné den tsochaí chun bheith in ann an téamh domhanda a theorannú do 1,5 °C;

1. á chur in iúl gur geal léi Plean Gníomhaíochta nua an Choimisiúin don Gheilleagar Ciorclach; á thabhairt chun suntais go bhfuil an geilleagar ciorclach, in éineacht leis an uaillmhian maidir le truailliú nialasach le haghaidh comhshaol saor ó thocsainí, ríthábhachtach chun lorg foriomlán táirgthe agus tomhaltais na hEorpa ar an gcomhshaol a laghdú, chun teorainneacha pláinéadacha a urramú, agus chun sláinte an duine a chosaint, agus geilleagar iomaíoch agus nuálach á áirithiú ag an am céanna; á chur i bhfios go láidir gur féidir leis an ngeilleagar ciorclach rannchuidiú go mór le spriocanna Chomhaontú Pháras, spriocanna an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún na tionscnaimh uile faoin bPlean Gníomhaíochta a thabhairt ar aghaidh i gcomhréir leis na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht agus gach togra reachtach a bhunú ar mheasúnú tionchair cuimsitheach, agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé costais na neamhghníomhaíochta a chur san áireamh freisin;

---

[1] Tuarascáil ar Tháscaire Comhshaoil 2014: Tionchair Chomhshaoil na gCóras Táirgeachta-Tomhaltais san Eoraip. an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil 2014.

3. á chur i bhfios go láidir gur féidir leis an ngeilleagar ciorclach réitigh a chur ar fáil ar na dúshláin nua atá ann agus atá á léiriú mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19 trí na slabhraí luacha a neartú laistigh den Aontas agus ar fud an domhain agus a leochaileacht a laghdú, agus trí éiceachórais thionsclaíocha na hEorpa a dhéanamh níos athléimní, níos inbhuanaithe, níos iomaíche agus níos brabúsaí; ag tabhairt dá haire, mar gheall ar an méid sin, go gcuirfear neamhspleáchas straitéiseach an Aontais chun cinn agus go rannchuideofar le cruthú post; á chur i bhfios go láidir gur léiríodh le paindéim COVID-19 go bhfuil gá le timpeallacht chumasúcháin don gheilleagar ciorclach; á iarraidh ar na Ballstáit an geilleagar ciorclach a phríomhshruthú ina bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta;

4. á chreidiúint gurb é geilleagar ciorclach an bealach chun go leanfaidh AE agus cuideachtaí Eorpacha de bheith nuálach agus iomaíoch i margadh domhanda, agus a lorg ar an gcomhshaol á laghdú acu ag an am céanna; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, dá bhrí sin, infheistíochtaí a dhíriú chun tionscnaimh an gheilleagair chiorclaigh a uas-scálú agus chun tacú leis an nuálaíocht; á mheas gur cheart plean téarnaimh eacnamaíoch AE (Next Generation EU) chomh maith leis an gCiste um Aistriú Cóir agus Fís Eorpach a úsáid chun tionscnaimh, cleachtais, bonneagar agus teicneolaíochtaí an gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn;

5. á chur i bhfios go láidir gur réamhchoinníoll é feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh chun geilleagar ciorclach a bhaint amach laistigh de AE; á chur i bhfáth go háirithe a thábhachtaí atá sé na rialacha atá ann cheana a chur chun feidhme go cuí agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach chun margadh aonair inbhuanaithe agus dea-fheidhmiúil a bheith ann; á mheabhrú gurb é AE an dara cumhacht eacnamaíoch is mó ar domhan agus an chumhacht trádála is mó ar domhan; á chur i bhfios gur uirlis chumhachtach é an margadh aonair nach mór a úsáid chun táirgí nó teicneolaíochtaí inbhuanaithe agus ciorclacha a fhorbairt a bheidh ina gcaighdeáin amach anseo, rud a chuirfidh ar chumas na saoránach táirgí inacmhainne a cheannach atá sábháilte, sláintiúla agus a ndéantar an pláinéad a urramú leo;

6. á chur i bhfios go láidir gur gá fás a dhíchúpláil go huile agus go hiomlán ó úsáid acmhainní; á iarraidh ar an gCoimisiún spriocanna ceangailteacha meántéarmacha agus fadtéarmacha AE atá bunaithe ar an eolaíocht a mholadh chun laghdú a dhéanamh ar úsáid amhábhar príomhúil agus ar thionchair chomhshaoil; á iarraidh go leagfar síos spriocanna AE trí chur chuige siarghabhálach chun a áirithiú go mbeidh cuspóirí beartais ar chonair inchreidte chun geilleagar a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, saor ó thocsainí agus go hiomlán ciorclach laistigh de theorainneacha pláinéadacha a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún spriocanna ceangailteacha AE a mholadh do 2030 chun laghdú suntasach a dhéanamh ar lorg ábhair agus lorg tomhaltais AE agus iad a thabhairt laistigh de theorainneacha pláinéadacha faoi 2050, agus na táscairí atá le glacadh faoi dheireadh 2021 á n-úsáid mar chuid den chreat faireacháin nuashonraithe; á iarraidh ar an gCoimisiún cur leis na samplaí atá leagtha síos ag na Ballstáit is uaillmhianaí, agus aird chuí á tabhairt ar na difríochtaí idir na pointí tosaigh agus na cumais ó Bhallstát go Ballstát;

8. ag tathant ar an gCoimisiún táscairí comhchuibhithe, inchomparáide agus aonfhoirmeacha ciorclaíochta a thabhairt isteach faoi 2021, táscairí ina mbeidh táscairí lorg ábhair agus táscairí lorg tomhaltais, chomh maith le roinnt fotháscairí maidir le

héifeachtúlacht acmhainní agus seirbhísí éiceachórais; ba cheart go ndéanfaí tomhaltas acmhainní agus táirgiúlacht acmhainní a thomhas leis an táscairí sin, agus ba cheart allmhairí agus onnmhairí a áireamh iontu, ar leibhéal an AE, ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an tionscail agus ba cheart go mbeidís comhsheasmhach le measúnú comhchuibhithe saolré agus le modheolaíochtaí cuntasaíochta caipitil nádúrtha; ba cheart iad a chur i bhfeidhm ar fud bheartais, ionstraimí airgeadais agus thionscnaimh rialála an Aontais;

9. á chur in iúl gur geal léi an gealltanas a thug an Coimisiún an creat faireacháin don gheilleagar ciorclach a nuashonrú agus a athbhreithniú; ag cur in iúl gurb oth léi nach bhfuil sraith chuimsitheach agus iomlánaíoch táscairí ag gabháil leis an gcreat faireacháin atá ann faoi láthair lenar féidir díchúpláil an fháis eacnamaíoch ó úsáid acmhainní agus tionchar comhshaoil a thomhas; á thabhairt chun suntais gur cheart go gcumhdófaí leis an gcreat faireacháin na táscairí ciorclaíochta thuasluaite agus, sa bhreis air sin, raon iomlán chuspóirí agus ghníomhaíochtaí nithiúla an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach chun ionstraim éifeachtach a sholáthar le haghaidh tomhas a dhéanamh ar chiorclaíocht ar an dul chun cinn a dhéantar i dtreo a chuspóirí a bhaint amach ar bhealach cuimsitheach;

10. á thabhairt chun suntais freisin gur gá tomhas atá láidir ó thaobh na heolaíochta de a dhéanamh chun sineirgí a ghabháil idir an geilleagar ciorclach agus maolú ar an athrú aeráide, lena n-áirítear trí thomhais a dhéanamh ar lorg carbóin;

11. á thabhairt chun suntais go bhfuil deiseanna ag gabháil le húsáid bharrfheabhsaithe a bhaint as táirgí agus seirbhísí, chomh maith le bearta lena gcuirtear síneadh le saolréanna agus le húsáid ábhair; sa chomhthéacs sin, á chur i bhfáth go háirithe go bhfuil deiseanna ann réitigh an gheilleagair chiorclaigh agus an digitiú a chomhcheangal; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit beartais a fhorbairt chun tacú le samhlacha gnó nua atá inbhuanaithe agus ciorclach, amhail cur chuige táirge mar sheirbhís (PaaS) lena sábháiltear acmhainní agus lena laghdaítear tionchair chomhshaoil agus, ag an am céanna, á iarraidh ar an gCoimisiún na cuir chuige PaaS sin a éascú sa Tionscnamh nua um Tháirgí Inbhuanaithe agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bacainní míchuí rialála agus fioscacha atá ar na cuir chuige sin a bhaint agus forbairt bonneagar a chur chun cinn lena gcumasófar ciorclaíocht agus geilleagar digiteach inbhuanaithe; á mheabhrú go bhfuil tionchair shuntasacha ag an digitiú freisin ar an aeráid agus ar an gcomhshaol, tionchair amhail éileamh méadaitheach ar fhuinneamh, eastóscadh amhábhar agus giniúint dramhaíola leictreonaí; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na dúshláin sin agus aghaidh a thabhairt orthu trí mhodheolaíocht a bhunú chun faireachán agus cainníochtú a dhéanamh ar an tionchar comhshaoil a bhíonn ag teicneolaíochtaí digiteacha, ag struchtúir agus ag seirbhísí digiteacha lena n-áirítear lárionaid sonraí, agus trí bhearta a mholadh – lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, bearta reachtacha – chun inbhuanaitheacht chomhshaoil na réiteach digiteach a áirithiú, ar réitigh iad lena gcuirtear éifeachtúlacht fuinnimh, laghdú astaíochtaí GCT agus úsáid acmhainní agus bunú geilleagair chiorclaigh i gcroílár aistriú digiteach inbhuanaithe;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún bearta rialála agus gníomhaíochtaí eile a shainaithint a mbeadh gá leo chun na bacainní riaracháin agus dlíthiúla atá ar gheilleagar ciorclach comhroinnte agus seirbhíse a bhaint agus chun forbairt an gheilleagair sin dhreasú; á iarraidh ar an gCoimisiún, go háirithe, féachaint ar réitigh ar dhúshláin amhail saincheisteanna dliteanais agus cearta úinéireachta a bhaineann leis an ngeilleagar

comhroinnte agus seirbhíse, agus á chur san áireamh go bhfuil deimhneacht dhlíthiúil fheabhsaithe do tháirgeoirí agus do thomhaltóirí araon ríthábhachtach chun na coincheapa sin a chumasú; á mholadh go mbreathnódh an Coimisiún ar straitéis Eorpach don gheilleagar comhroinnte agus seirbhíse a fhorbairt, ar straitéis í lena ndéileálfaí leis na ceisteanna sin, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar shaincheisteanna sóisialta;

13. ag leagan béim ar an ngá atá le tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi ar féidir le teicneolaíochtaí na hintleachta saorga tacú le geilleagar ciorclach trína gcur i bhfeidhm a spreagadh i ndearadh, i samhlacha gnó agus i mbonneagar; á chur in iúl a thábhachtaí atá sé caitheamh leis an digitiú mar chumasóir don gheilleagar ciorclach, go háirithe maidir le pasanna táirgí nó faisnéis ábhartha i gcomhthéacs 'spás sonraí' uile-Aontais: á chur i bhfáth go mbeidh sé ríthábhachtach inrochtaineacht agus comhroinnt sonraí a fheabhsú, agus comhar gníomhach á áirithiú idir na geallsealbhóirí chun a áirithiú go leanfaidh cineálacha nua cur chuige de bheith cothrom agus cuimsitheach, agus chun príobháideachas agus slándáil sonraí a chosaint.

14. á chur i bhfios go láidir gur gá dreasachtaí eacnamaíocha agus an timpeallacht rialála cheart a chruthú don nuálaíocht i réitigh, ábhair agus samhlacha gnó ciorclacha agus, ag an am céanna, fóirdheontais a shaobhann an margadh agus fóirdheontais lena ndéantar dochar don chomhshaol a dhíothú, agus á iarraidh go dtacófar leis sin sa straitéis thionsclaíoch nua don Eoraip agus sa Straitéis FBM; ag leagan béim ar an ról sonrach atá ag ceannródaithe, FBManna (fiontair bheaga agus mheánmhéide) agus ag gnólachtaí nuathionscanta san aistriú chuig geilleagar ciorclach; á chur i bhfios go láidir gur féidir buntáiste iomaíoch domhanda a chur ar fáil do chuideachtaí Eorpacha trí thaighde a dhéanamh ar ábhair, próisis, teicneolaíochtaí agus táirgí inbhuanaithe, chomh maith le huas-scálú tionsclaíoch a dhéanamh orthu; ag leagan béim ar an ngá atá le beartais ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta chun tacú leo siúd atá chun tosaigh sa gheilleagar ciorclach agus i samhlacha gnó ciorclacha;

15. á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le tionscal na hEorpa a bheith rannpháirteach mar gheallsealbhóir san aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí; á mheabhrú go bhfuil ról ríthábhachtach ag bearta an gheilleagair chiorclaigh maidir le dícharbónú tionsclaíoch a bhaint amach; á iarraidh go mbeidh cur chuige ciorclachta sa tionsclaíocht, ar gach leibhéal de dhearadh táirgí, foinsiú ábhar, athúsáid agus athchúrsáil táirgí, agus bainistiú dramhaíola, agus ag leagan béim ar an ngá atá le spreagadh a thabhairt d'fhorbairt na margaí tosaigh d'ábhair agus táirgí tionsclaíocha inbhuanaithe;

16. á mholadh do chuideachtaí pleananna aistrithe a ullmhú mar chuid dá dtuairisciú bliantúil ina ndéanfar cur síos ar an gcaoi a bhfuil sé ar intinn acu neodracht aeráide, geilleagar ciorclach agus inbhuanaitheacht a bhaint amach agus cén uair atá sé beartaithe acu é sin a dhéanamh;

17. á iarraidh ar na Ballstáit tús áite a thabhairt do roghanna lena mbaineann ualaí íosta riaracháin agus á iarraidh orthu neartú a dhéanamh ar fhorbairt comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha maidir le Taighde agus Forbairt lena soláthraítear réitigh shistéamacha iomlánaíocha;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún creat rialála a bhunú do dheimhniú gach réitigh dhúlra-bhunaithe agus gach réitigh teicneolaíochta bainte carbóin, lena n-áirítear gabháil, stóráil agus úsáid carbóin (CCSU);

19. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag an mbithaithris mar luasaire ciorclaitheachta, maidir le réitigh bhithaithriseacha a chur chun cinn lena n-íoslaghdaítear, trí dhearadh, úsáid ábhar, fuinnimh agus comhdhúile tocsaineacha agus lena gcuirtear réitigh inbhuanaithe, athghiniúnacha agus nuálacha ar fáil atá spreagtha ag an dúlra agus ar réitigh iad is infheidhme maidir leis an iliomad earnálacha,

20. á iarraidh go mbeidh leibhéil foirne leordhóthanacha agus buiséad leordhóthanach ann do na seirbhísí de chuid an Choimisiúin a bhfuil sé de chúram orthu a áirithiú go gcuirfear an Plean Gníomhaíochta chun feidhme go rathúil; á chur i bhfáth nach mór go bhfreagródh leithdháileadh acmhainní do thosaíochtaí polaitiúla reatha agus fadtéarmacha araon agus, dá bhrí sin, i gcomhthéacs Mhargadh Glas na hEorpa, ag dréim leis go ndéanfar acmhainní daonna a atreisiú go suntasach, go háirithe in Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil sa Choimisiún;

***Creat beartais táirge inbhuanaithe***

21. ag leagan béim ar an ngá atá leis an ngeilleagar líneach 'tóg-déan-diúscair' a iompú ina gheilleagar fíorchiorclach, bunaithe ar na prionsabail seo a leanas: laghdú ar úsáid acmhainní agus fuinnimh; luach a choinneáil sa gheilleagar; dramhaíl a chosc; dearadh chun deireadh a chur le diomailt agus le substaintí dochracha agus truailliú; táirgí agus ábhair a choinneáil in úsáid agus i lúba dúnta; sláinte an duine a chosaint; tairbhí do thomhaltóirí a chur chun cinn; agus córais nádúrtha a athghiniúint; ba cheart go mbeadh na cuspóirí sin mar threoir don chreat beartais nua maidir le táirgí inbhuanaithe agus don Straitéis Geilleagair Chiorclaigh ina hiomláine, agus mar threoir don Straitéis Thionsclaíoch; á chur i bhfáth gur gá smaointeoireacht an chórais chiorclaigh inbhuanaithe a chomhtháthú go hiomlán i ngach gníomhaíocht, lena n-áirítear beartais, táirgí, próisis táirgthe agus samhlacha gnó;

22. á chur i bhfios go láidir gur cheart táirgí agus ábhair atá inbhuanaithe, ciorclach, sábháilte agus neamhthocsaineach a bheith ina ngnáthabhair i margadh an Aontais Eorpaigh agus nár cheart nithe eisceachtúla a dhéanamh díobh agus gur cheart féachaint orthu mar an rogha réamhshocraithe, rogha atá tarraingteach, inacmhainne agus inrochtana do na tomhaltóirí uile; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, plean an Choimisiúin tionscnamh reachtach a mholadh maidir le táirgí inbhuanaithe chun prionsabail chothrománacha a leagan síos do bheartas táirgí agus ceanglais cheangailteacha le haghaidh táirgí a chuirtear ar mhargadh AE;

23. ag tacú go láidir le leathnú raon feidhme na Treorach maidir le hÉicidhearthóireacht[1] chun táirgí nach mbaineann le fuinneamh a áireamh agus prionsabail chothrománacha inbhuanaitheachta agus caighdeáin táirgeshonracha a leagan síos maidir le feidhmíocht, marthanacht, athúsáid, indeisitheacht, neamhthocsaineacht, in-uasghrádaitheacht, in-athchúrsáilteacht, ábhar athchúrsáilte, agus éifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh i dtáirgí a chuirtear ar mhargadh AE, agus á iarraidh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh ina leith sin in 2021; ag an am céanna, á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún a bheith uaillmhianach maidir le héicidhearthóireacht a chur chun feidhme do na táirgí uile a úsáideann fuinneamh faoi raon feidhme reatha na Treorach maidir le

---

1 Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10).

hÉicidhearthóireacht, lena n-áirítear i ndáil le gnéithe den gheilleagar ciorclach;

24. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé creat reachtach comhleanúnach soiléir AE a choinneáil do tháirgí inbhuanaithe agus ag leagan béim ar an ngá atá ann sineirgí le beartais eile a neartú, lena n-áirítear Éicilipéad an AE; á chur i bhfios go láidir, i gcomhthráth le híoschaighdeáin dhlíthiúla maidir le dearadh táirgí, go bhfuil sé tábhachtach dreasachtaí margaidh a chur ar fáil do na cuideachtaí is inbhuanaithe agus do tháirgí agus ábhair inbhuanaithe;

25. á iarraidh ar an gCoimisiún spriocanna ceangailteacha lorg ábhair agus lorg comhshaoil a mholadh do shaolré iomlán an táirge le haghaidh gach catagóire táirgí a chuirtear ar mhargadh AE, lena n-áirítear na leaththáirgí is déine ó thaobh carbóin de; á iarraidh ar an gCoimisiún freisin spriocanna ceangailteacha táirgeshonracha agus/nó earnáilsonracha a mholadh maidir le hábhar athchúrsáilte, agus feidhmíocht agus sábháilteacht na dtáirgí lena mbaineann á n-áirithiú ag an am céanna, agus á iarraidh go ndéanfar iad a dhearadh le haghaidh athchúrsála; ag tathant ar an gCoimisiún dálaí tacaíochta teicneolaíochta, rialála agus margaidh a bhunú chun na cuspóirí sin a bhaint amach agus chun na hathruithe tionsclaíocha is gá agus na timthriallta infheistíochta i ngach earnáil a chur san áireamh; ag an am céanna, ag tathant ar an gCoimisiún breathnú ar cheanglais éigeantacha chun inbhuanaitheacht seirbhísí a mhéadú;

26. ag tacú leis an bplean pasanna táirgí digiteacha a thabhairt isteach chun cabhrú le cuideachtaí, le tomhaltóirí agus le húdaráis um fhaireachas margaidh, chun súil a choinneáil ar na tionchair aeráide, chomhshaoil, shóisialta agus eile a bhíonn ag táirge ar fud an tslabhra luacha agus chun faisnéis, a bheidh iontaofa, trédhearcach agus a mbeifear in ann í a rochtain go héasca, a sholáthar faoi mharthanacht an táirge agus faoi na féidearthachtaí a ghabhann leis maidir le cothabháil, athúsáid, deisiú agus díchóimeáil agus faoi láimhseáil deiridh ré ina leith, chomh maith lena chomhdhéanamh ó thaobh ábhar agus ceimiceán a úsáidtear agus a dtionchar comhshaoil agus eile; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na roghanna do lipéad i ndáil leis sin; á mheas gur cheart pasanna táirgí a thabhairt isteach ar bhealach lena seachnófaí ualach rialála míchuí ar chuideachtaí, go háirithe FBManna; ag creidiúint gur cheart go mbeidís comhoiriúnach le huirlisí digiteacha eile, amhail an Pas Athchóirithe Foirgneamh atá ar na bacáin agus bunachar sonraí SCIP;

27. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach timthriallta ábhair neamhthocsaineacha agus athchóiritheacha a bhaint amach chun go n-éireoidh leis an ngeilleagar ciorclach agus chun margadh aonair inbhuanaithe a chruthú, agus, ar deireadh thiar, chun timpeallacht atá saor ó thocsainí a áirithiú do shaoránaigh na hEorpa; dá bhrí sin, ag athdhearbhú na seasamh a glacadh ina rún maidir le Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht agus a rún maidir leis an gcomhéadan idir an reachtaíocht ceimicí, táirgí agus dramhaíola, agus á áitiú go ndéanfar gníomhaíochtaí go gasta chun an Straitéis Cheimiceach don Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí a chur chun feidhme;

28. ag leagan béim ar an gceart atá ag tomhaltóirí faisnéis níos beaichte, níos comhchuibhithe agus níos cruinne a fháil faoi na tionchair ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a bhíonn ag táirgí agus seirbhísí feadh a saolré, lena n-áirítear ó thaobh marthanachta agus indeisitheachta de, agus á iarraidh go ndéanfar bearta i gcoinne an ghlas-snasaithe agus i gcoinne na maíomh comhshaoil a bhaineann le táirgí a bhíonn á dtairiscint ar líne agus as líne araon; ag tacú go láidir lena bhfuil ar intinn ag an

gCoimisiún maidir le tograí a dhéanamh chun úsáid maíomh glas a rialáil trí mhodhanna ríofa soladacha agus comhchuibhithe a bhunú lena gcumhdófaí an slabhra luacha iomlán, bunaithe ar tháscairí comhchuibhithe agus ar mheasúnuithe saolré amhail loirg chomhshaoil, lena n-áirítear maidir le cosc dramhaíola, úsáid amhábhar, seachaint substaintí díobhálacha, marthanacht agus fad saoil an táirge chomh maith le táirgí a dhearadh chun go mbeidh siad indeisithe agus in-athchúrsáilte; ina theannta sin, á chur i bhfáth gur gá Treoir 2005/29/CE[1], a leasaíodh le déanaí, a fhorfheidhmiú trí bhearta réamhghníomhacha chun dul i ngleic le maímh ghlasa;

29. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le forbairt uirlisí digiteacha le haghaidh faisnéis do thomhaltóirí chun an tomhaltóir a chumhachtú sa ré dhigiteach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá ardáin agus margaí ar líne chun táirgí agus seirbhísí inbhuanaithe a chur chun cinn agus ag tabhairt dá haire go bhféadfaí faisnéis níos soiléire agus níos sothuigthe a chur ar fáil do thomhaltóirí ar na hardáin agus margaí sin maidir le marthanacht agus indeisitheacht na dtáirgí a bhíonn á dtairiscint orthu;

30. á thabhairt chun suntais gur gá Éicilipéad AE a atreisiú mar thagarmharc don inbhuanaitheacht chomhshaoil, trí fheasacht agus aitheantas ina leith a mhéadú sa mhargadh agus i measc tomhaltóirí, trí chaighdeáin chuimsitheacha a leagan síos agus tríd an scéim a leathnú tuilleadh chuig táirgí ábhartha agus úsáid na scéime sa soláthar a éascú;

31. ag tacú leis na tionscnaimh atá beartaithe chun marthanacht agus indeisitheacht táirgí a fheabhsú i gcomhréir le prionsabal an choisc dramhaíola in ord na réiteach dramhaíola, agus cearta tomhaltóirí á neartú i margaí gnólacht le tomhaltóir agus margaí gnólacht le gnólacht araon; dá bhrí sin, á chur in iúl gur díol mór sásaimh di na tionscnaimh atá beartaithe chun ‘ceart chun deisithe’ nua a bhunú, ar cheart go gcuimseofaí leis, ar a laghad, saolré fhadaithe táirgí, rochtain ar pháirteanna spártha agus ar fhaisnéis chuimsitheach agus rochtain ar sheirbhísí deisiúcháin inacmhainne do thomhaltóirí;

32. á iarraidh, sa chomhthéacs sin, go mbeadh bearta ann chun rochtain saor in aisce ar fhaisnéis riachtanach faoi dheisiú agus cothabháil a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis faoi pháirteanna spártha agus faoi nuashonruithe bogearraí, do na rannpháirtithe uile sa mhargadh, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar na dianriachtanais maidir le sábháilteacht tomhaltóirí agus gan dochar do Threoir (AE) 2016/943[2], agus chun rochtain gan baic éagóracha ar pháirteanna spártha a áirithiú do ghníomhaithe uile na hearnála deisiúcháin, lena n-áirítear deisitheoirí neamhspleácha, agus tomhaltóirí, chun íostréimhsí éigeantacha a shainiú maidir le páirteanna spártha agus/nó nuashonruithe a bheith ar fáil agus uasteorainneacha ama seachadta a shainiú le haghaidh raon leathnaithe catagóirí táirgí, arbh uasteorainneacha iad lena gcuirfí sonraíochtaí na dtáirgí

[1] Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Treoir maidir le Cleachtais Trádála Éagothroma) (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).

[2] Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó gan nochtadh (rúin trádála) a chosaint ar fháil, ar úsáid agus ar nochtadh neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1).

san áireamh, agus chun measúnú a dhéanamh ar conas is féidir deisiú a spreagadh faoin gcóras ráthaíochta dlíthiúla; á chur i bhfáth gur cheart do dhíoltóirí gach rannpháirtí sa mhargadh a chur ar an eolas maidir le hindeisitheacht a chuid táirgí;

33. á iarraidh, chun cinnteoireacht tomhaltóirí a éascú, go mbeadh lipéadú comhchuibhithe ann a bheadh soiléir agus éasca a thuiscint, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm innéacs, maidir le marthanacht táirgí (i.e. maidir le saolré mheasta táirge) agus maidir le hindeisitheacht, agus chun scór deisiúcháin aonfhoirmeach a fhorbairt agus méadair úsáide a thabhairt isteach le haghaidh catagóirí áirithe táirgí; á iarraidh go mbeadh íoscheanglais maidir le faisnéis ann de bhun Threoir 2005/29/CE agus Threoir 2011/83/AE[1]; á iarraidh ar an gCoimisiún, agus a athbhreithniú ar Threoir (AE) 2019/771[2] á ullmhú aige, breathnú ar na cearta ráthaíochta dlíthiúla agus na rialacha aisiompaithe dualgais cruthúnais a leathnú chuig roinnt catagóirí táirgí a bhfuil saolré níos faide acu, agus dliteanas díreach táirgeora a thabhairt isteach;

34. á iarraidh go mbeadh bearta reachtacha ann chun stop a chur le cleachtais a mbíonn dífheidhmeacht phleanáilte mar thoradh orthu, trí bhreathnú freisin trí chleachtais den sórt sin a chur leis an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2005/29/CE;

35. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún reachtaíocht a thabhairt isteach lena gcuirfí toirmeasc ar scriosadh earraí marthanacha nár díoladh mura rud é go bhfuil siad ina mbagairt sábháilteachta nó sláinte; á chur i bhfios go láidir gur cheart athchúrsáil, athúsáid agus athdháileadh earraí neamhbhia a bheith mar ghnáthchleachtas agus gur cheart go bhforfheidhmeofaí iad le reachtaíocht;

36. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le borradh a chur faoin margadh inmheánach do tháirgí inbhuanaithe agus á chreidiúint gur cheart don earnáil phoiblí a bheith ar thús cadhnaíochta; ag tabhairt dá haire gur minic fós nach gcuireann údaráis phoiblí i bhfeidhm ach an critéar praghais is ísle mar chritéar dámhachtana, agus na dtairiscintí is fearr le haghaidh earraí, seirbhísí nó oibreacha á roghnú acu; ag tacú le bunchritéir agus spriocanna éigeantacha a bhunú maidir le soláthar poiblí glas sa reachtaíocht earnála;

37. á chur i bhfáth go bhfuil ról ag an Soláthar Poiblí Glas (SPG) i ndlús a chur leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach agus inbhuanaithe agus go bhfuil sé tábhachtach SPG a chur chun feidhme le linn théarnamh eacnamaíoch AE;

38. ag tathant ar an gCoimisiún togra reachtach a chur ar aghaidh i ndáil le nósanna imeachta soláthair phoiblí ghlais; á mheas gurb iad táirgí athúsáide, deisithe, athmhonaraithe, athchóirithe agus táirgí eile atá tíosach ar fhuinneamh agus ar acmhainní agus réitigh lena n-íoslaghdaítear tionchair chomhshaoil saolré an rogha réamhshocraithe i ngach soláthar poiblí, i gcomhréir le cuspóirí an Mhargaidh Ghlais don Eoraip, agus mura nglacfar leo mar rogha thosaíochta, ba cheart feidhm a bheith ag

---

1 Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).

2 Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun earraí a dhíol, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO L 136, 22.5.2019, lch. 28).

an bprionsabal 'géill nó mínigh'; á iarraidh freisin ar an gCoimisiún treoirlínte a chur ar fáil chun tacú le soláthar corparáideach inbhuanaithe; á iarraidh go mbeadh oibleagáidí um thuairisciú ar an Coimisiún agus ar na Ballstáit maidir le hinbhuanaitheacht a gcinntí soláthair, agus prionsabal na coimhdeachta á urramú acu ag an am céanna.

39. ag leagan béim ar an ngá atá le hardcháilíocht sreafaí bailithe ábhar, athúsáid agus athchúrsáil ábhar a chur chun cinn, chun na hábhair is airde luach a choimeád agus chun lúba ábhair iata atá glan, neamhthocsaineach agus inbhuanaithe a bhaint amach; á chur i bhfáth gur gá infhaighteacht agus cáilíocht ábhar athchúrsáilte a mhéadú, ag díriú ar an gcumas atá ag ábhar a airíonna bunúsacha a choinneáil i ndiaidh a athchúrsála, agus ar a chumas amhábhair phríomhúla a ionadú i bhfeidhmeanna amach anseo; sa chomhthéacs sin, ag leagan béim ar an ngá atá le spreagadh a thabhairt d'in-athchúrsáilteacht mhéadaithe i ndearadh táirgí agus do bhearta amhail córais éifeachtacha bailithe ar leithligh agus aisíoca earlaise; á iarraidh go mbeadh tacaíocht ann do chruthú saoráidí agus acmhainní athchúrsála, de réir phrionsabal na gaireachta, i gcás nach ann dóibh sin cheana féin;

40. ag tathant an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le forbairt bonneagar bailithe, sórtála agus athúsáide ábhair agus athchúrsála ar ardcháilíocht, agus tacú le taighde ar fhorbairt teicneolaíochtaí nuálacha nua a laghdaíonn úsáid acmhainní agus giniúint dramhaíola iarmharaí, a fheabhsaíonn toradh agus cáilíocht ábhar tánaisteach in-athchúrsáilte agus in-athúsáidte, a dhí-éillíonn ábhair athchúrsáilte, agus a laghdaíonn an lorg comhshaoil foriomlán – lena n-áirítear loirg fuinnimh agus aeráide – i gcomparáid le teicneolaíochtaí eile; á chreidiúint go bhféadfadh athchúrsáil cheimiceach, i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir sin, rannchuidiú leis an lúb ábhair i sruthanna dramhaíola áirithe a dhúnadh;

41. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar measúnú críochnúil ar an leibhéal tionsclaíoch ar na tionchair a bhíonn ag próisis agus aschuir na dteicneolaíochtaí nua athchúrsála agus aisghabhála, ó thaobh na sláinte, an chomhshaol agus na aeráide de, sula ndéanfar iad a dhreasú, agus trédhearcacht a ráthú ar feadh na meastóireachta;

42. á mheas gur gá an sainmhíniú ar athchúrsáil cheimiceach a chomhlíonadh de bhun na Treorach Réime Dramhaíola chun a áirithiú nach measfar gur athchúrsáil cheimiceach é ábhair a athphróiseáil ina n-ábhair agus ina substaintí lena n-úsáid mar bhreoslaí; ag tathant ar an gCoimisiún deimhniú dlíthiúil a chur ar fáil i ndáil leis sin;

43. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit teicneolaíochtaí digiteacha a chumasú, amhail blocshlabhra agus comharthaíocht uisce dhigiteach, agus iad a dhéanamh idir-inoibritheach ionas gur féidir leo tacú le forbairt an gheilleagair chiorclaigh trí úsáid acmhainní agus sreabha táirgí a rianú, a lorg agus a mhapáil i rith gach céime den tsaolré;

44. ag cur béim ar a thábhachtaí a bheidh sé an rochtain ar chistí le haghaidh taighde agus tionscadail nuálaíochta maidir leis an ngeilleagar ciorclach a fheabhsú; dá bhrí sin, á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí an chláir Fís Eorpach a dhíriú ar thacaíocht don taighde agus don nuálaíocht i gcás na nithe seo a leanas:

– próisis agus teicneolaíochtaí athchúrsála;

– éifeachtúlacht acmhainní na bpróiseas tionsclaíoch;

– ábhair, táirgí, próisis, teicneolaíochtaí agus seirbhísí nuálacha agus inbhuanaithe, agus iad á bhfás ar scála tionsclaíoch;

– an bithgheilleagar, tríd an nuálaíocht bhithbhunaithe, lena gcuimsítear forbairt ábhar agus táirgí bithbhunaithe;

– satailítí Domhanbhreathnóireachta, mar go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith á imirt acu san fhaireachán ar fhorbairt geilleagair chiorclaigh trí mheastóireacht a dhéanamh ar an mbrú ar ogh-amhábhair agus ar leibhéil na n-astaíochtaí;

45. ag leagan béim ar an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag ionchuir inbhuanaithe in-athnuaite i bpróisis chiorclacha i dtreo an dícharbónaithe agus ar an gcaoi ina bhféadfar feabhas a chur ar chiorclaíocht shaolré na dtáirgí le húsáid fuinnimh in-athnuaite, agus an t-aistriú fuinnimh á bhrú chun cinn ag an am céanna;

46. á chur i bhfáth gur cheart córas cuntasaíochta carbóin agus comhshaoil atá láidir agus trédhearcach agus a ghníomhaíonn mar chatalaíoch d'infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí agus i bpróisis an gheilleagair chiorclaigh a bheith mar bhonn taca faoi reachtaíocht maidir le "creat beartais táirge inbhuanaithe";

47. á chur i bhfáth gur gá saolré iomlán táirge, ó chliabhán go huaigh, agus tionchar an fhoinsithe, táirgí leathchríochnaithe, páirteanna spártha agus seachtháirgí ar fud an tslabhra luacha a chur i gcuntas agus caighdeáin táirgí á leagan síos do thionchair aeráide agus chomhshaoil; á mheas go gcaithfear iad seo a bhunú trí phróiseas oscailte, trédhearcach agus eolaíocht-bhunaithe, le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ábhartha; ag spreagadh, sa chomhthéacs sin, modheolaíochtaí coiteanna maidir le measúnú saolré agus bailiú feabhsaithe sonraí a bhunú;

48. á chur i bhfáth go bhfuil caighdeánú ríthábhachtach maidir le beartas táirgí inbhuanaithe a chur chun feidhme trí shainmhínithe, méadracht agus tástálacha iontaofa a sholáthar le haghaidh saintréithe amhail marthanacht agus indeisitheacht;

49. á áitiú go bhforbrófar caighdeáin AE go tráthúil agus i gcomhréir le dálaí fíorúsáide, agus ag an am céanna go seachnófar baic riaracháin, ina mbíonn moill ar chaighdeáin a fhoilsiú mar thoradh orthu, do gheallsealbhóirí lena mbaineann;

50. á mheabhrú teachtaireacht ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2016 dar teideal *European Standards for the 21st century* [Caighdeáin Eorpacha don 21ú aois] agus an obair a rinneadh ar an Tionscnamh Comhpháirteach maidir le Caighdeánú (JIS); á iarraidh ar an gCoimisiún JIS a neartú tuilleadh agus gníomhaíochtaí agus tionscadail nua a ghlacadh chun feabhas a chur ar fheidhmiú na nEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú;

51. á chur i bhfáth go bhfuil cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach reachtaíocht AE a bhaineann le sábháilteacht táirgí agus ceanglais inbhuanaitheachta ríthábhachtach chun a áirithiú go gcomhlíonann táirgí a chuirtear ar an margadh rialacha den sórt sin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020[1]; á chur in iúl, thairis sin, nach gcomhlíonann líon an-mhór táirgí a cheannaítear ar líne agus a allmhairítear isteach in AE

---

1 Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

íoscheanglais sábháilteachta AE; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí chun a áirithiú go bhfuil táirgí comhlíontach, lena n-áirítear táirgí a dhíoltar ar líne, agus go dtugtar aghaidh ar na rioscaí a bhaineann le táirgí góchumtha do shábháilteacht tomhaltóirí trí fhaireachas margaidh feabhsaithe agus trí chaighdeáin choibhéiseacha rialuithe custaim, agus trí chomhar neartaithe sa réimse sin agus trí bhuiséid agus acmhainní daonna méadaithe; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh maoirseacht AE níos éifeachtaí ann, trí rialacha comhchuibhithe a leagan síos maidir leis an líon íosta seiceálacha agus maidir lena minicíocht, agus tríd an gCoimisiún a chumhachtú chun faireachán agus iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na n-údarás náisiúnta faireachais margaidh;

52. á chur i bhfios go láidir gur léiríodh go bhfuil comhaontuithe deonacha neamhéifeachtach maidir le réiteach luchtaithe coiteann agus inbhuanaithe a bhaint amach do threalamh raidió soghluaiste; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún forálacha Threoir 2014/53/AE[1] maidir le trealamh raidió a chur chun feidhme mar ábhar práinne, agus go háirithe, luchtaire coiteann a thabhairt isteach le haghaidh fóin chliste agus gach gléas beag agus meánmhéide leictreonach chun caighdeánú, comhoiriúnacht agus idir-inoibritheacht na gcumas luchtaithe a áirithiú ar an mbealach is fearr, lena n-áirítear luchtú gan sreang, mar chuid de straitéis dhomhanda chun dramhaíl leictreonach a laghdú á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis díchúplála a ullmhú go tráthúil lena n-áiritheofar nach mbeidh sé d’oibleagáid ar thomhaltóirí luchtairí nua a cheannach agus gléasanna nua á gceannach acu chun lamháil do thairbhí comhshaoil, coigiltis ar chostais agus áisiúlacht níos fearr do thomhaltóirí; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé do thomhaltóirí faisnéis iontaofa agus ábhartha a fháil, trí lipéadú comhchuibhithe i bhformáid atá éasca le léamh, faoi ghnéithe ábhartha luchtairí amhail idir-inoibritheacht agus feidhmíocht luchtaithe, lena n-áirítear comhlíonadh USB 3.1 nó níos airde, chun iad a chur ar a gcumas na roghanna is áisiúla, is costéifeachtaí agus is inbhuanaithe a dhéanamh;

53. á chur i bhfáth gur gá le comhleanúnachas beartais ar fud na mbeart atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo ar leibhéal AE agus ar leibhéal na mBallstát chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta agus chun cinnteacht eacnamaíoch agus infheistíochta a chur ar fáil do theicneolaíochtaí, do tháirgí agus do sheirbhísí ciorclacha, rud a chothóidh iomaíochas agus nuálaíocht AE freisin; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar aon neamhréireachtaí nó bacainní rialála nó éiginnteachtaí dlíthiúla a d’fhéadfadh a bheith ann a chuireann isteach ar úsáid iomlán geilleagair chiorclaigh; á iarraidh go ndéanfar dreasachtaí eacnamaíocha amhail praghsáil $CO_2$, freagracht leathnaithe táirgeora maidir le héiceamhodhnú táillí agus dreasachtaí cánach, chomh maith le dreasachtaí airgeadais eile lena gcuirtear roghanna inbhuanaithe tomhaltóirí chun cinn; á chreidiúint gur cheart go mbeadh na bearta sin, i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir leis na critéir scagtha theicniúla le haghaidh geilleagar ciorclach a shainítear sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht; á iarraidh ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar chuspóirí an Gheilleagair Chiorclaigh i reachtaíocht náisiúnta ábhartha uile agus a áirithiú go bhfuil sé ailínithe go hiomlán le cuspóirí agus bearta Straitéis an Gheilleagair Chiorclaigh de chuid AE; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún díriú ar chur chun feidhme na reachtaíochta a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach chun machaire comhréidh a áirithiú do phróisis táirgthe chiorclacha agus do

[1] Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

shamhlacha gnó ciorclacha;

***Slabhraí luacha príomhtháirgí: leictreonaic agus TFC***

54. ag tacú le Tionscnamh um Leictreonaic Chiorclach, lenar cheart aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh maidir le marthanacht, dearadh ciorclach, láithreacht substaintí guaiseacha agus díobhálacha, ábhar athchúrsáilte, indeisitheacht, rochtain ar pháirteanna spártha, in-uasghrádaitheacht, cosc ar dhramhaíl leictreonach, bailiú, athúsáid agus athchúrsáil; á iarraidh freisin go gcomhtháthófar saincheisteanna a bhaineann le dífheidhmeacht luath lena n-áirítear dífheidhmeacht táirgí de bharr athruithe bogearraí; á iarraidh go ndéanfar an bonneagar athchúrsála do dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach in AE a chomhchuibhiú agus a fheabhsú;

55. á chreidiúint nach mór bailiú dramhaíola leictreonaí a dhéanamh i bhfad níos éasca do thomhaltóirí; á chur in iúl gur díol sásaimh di tiomantas an Choimisiúin féachaint ar na roghanna atá ann do scéim um thógáil ar ais ar fud AE le haghaidh táirgí TFC agus á chreidiúint gur cheart go gcumhdófaí le scéim den sórt sin an réimse táirgí is leithne agus is féidir; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé scéim um thógáil ar ais den sórt sin, agus aon samhail bhailiúcháin eile, a dhearadh ar bhealach a dhéantar in-athúsáidteacht táirgí TFC a choimirciú agus rochtain ar earraí in-athúsáidte a chur ar fáil d’oibreoirí athúsáide;

56. á chur i bhfios go láidir go bhfuil acmhainneacht ag baint le bearta éicidhearthóireachta agus á mheabhrú gur cuireadh beagnach leath den sprioc coigilte éifeachtúlachta fuinnimh a leag AE do 2020 ar fáil leis an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht agus leis an Treoir maidir le Lipéadú Fuinnimh[1] le chéile; á chur i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go gcuirfear bailchríoch ghasta ar an obair éicidhearthóireachta atá ann cheana maidir le leictreonaic agus TFC, go háirithe d’fhóin chliste, táibléid, ríomhairí, printéirí (lena n-áirítear cartúis), stáisiúin agus fochórais líonra mhóibíligh agus trealamh líonraithe, chun bearta a mholadh tráth nach déanaí ná 2021;

57. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé patrúin tomhaltais agus táirgthe níos inbhuanaithe a chur chun cinn do threalamh leictreonach agus do TFC, agus á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí faoin difear idir nuashonruithe ceartaitheacha agus atá dírithe ar an úsáideoir agus tionchar carbóin an tomhaltais sonraí;

58. á iarraidh go mbunófar scéim deimhniúcháin éigeantach d’athchúrsálaithe dramhaíola leictreonaice chun aisghabháil éifeachtúil ábhair agus cosaint an chomhshaoil a ráthú;

59. á iarraidh ar an gCoimisiún, chomh maith leis an tionscnamh um leictreonaic chiorclach, tionscnamh maidir leis an digitiú ciorclach agus inbhuanaithe, TFC agus plean IS a cheapadh;

***Slabhraí luacha príomhtháirgí: ceallraí agus feithiclí***

60. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cur chuige straitéiseach, eiticiúil agus

---

[1] Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir lena chur in iúl trí lipéadú agus trí fhaisnéis caighdeánach táirge i ndáil leis an méid fuinnimh agus an méid acmhainní eile a ídíonn táirgí a bhaineann le fuinneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 1).

inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de sna creataí reachtacha nua do cheallraí agus d'fheithiclí i gcomhthéacs an aistrithe chuig soghluaisteacht nialasach agus chuig eangacha leictreachais atá bunaithe ar fhuinneamh inathnuaite agus gur gá foinsiú inbhuanaithe agus eiticiúil amhábhar, lena n-áirítear amhábhair chriticiúla, a áirithiú; á iarraidh go gcruthófar slabhraí luacha iomaíocha agus athléimneacha le haghaidh táirgeadh, athúsáid agus athchúrsáil ceallraí in AE;

61. á chur in iúl gur díol sásaimh di an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán nua maidir le ceallraí agus ceallraí caite, agus á mheas gur cheart go n-áireofaí an méid seo a leanas ar a laghad i gcreat rialála nua AE le haghaidh ceallraí: foinsiú inbhuanaithe, eiticiúil agus sábháilte, éicidhearthóireacht lena n-áirítear bearta chun aghaidh a thabhairt ar ábhar athchúrsáilte, malartú substaintí guaiseacha agus díobhálacha nuair is féidir, bailiú ar leithligh feabhsaithe, athúsáid, athchóiriú, athdhéantúsaíocht, athrú cuspóra agus athchúrsáil - lena n-áirítear spriocanna athchúrsála níos airde, aisghabháil ábhar luachmhar, freagracht leathnaithe táirgeora, agus faisnéis do thomhaltóirí; ba cheart don chreat dul i ngleic leis na tionchair chomhshaoil ar shaolré iomlán, agus forálacha tiomnaithe a bheith ann maidir le ceallraí a bhaineann le soghluaisteacht agus stóráil fuinnimh;

62. á chur in iúl gur ábhar imní di go bhfuil AE ag brath go mór ar allmhairiú amhábhar le haghaidh ceallraí a tháirgeadh; á chur in iúl go bhfuil sí deimhin de go bhféadfadh cuid shuntasach den amhábhar is gá le haghaidh ceallraí a tháirgeadh laistigh de AE a bheith ann mar thoradh ar scéimeanna athchúrsála feabhsaithe do cheallraí;

63. á chur in iúl gur cúis imní di tionchar socheacnamaíoch thionscal na mianraí, go háirithe laistigh de thionscal an chóbailt; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar roghanna do chreat reachtach inmharthana chun foinsiú eiticiúil ábhar a áirithiú agus reachtaíocht éigeantach maidir le dícheall cuí a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí díobhálacha ar an gcomhshaol agus ar chearta an duine laistigh de chomhthéacs idirnáisiúnta;

64. á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite[1]; á iarraidh ar an gCoimisiún an treoir sin a thabhairt cothrom le dáta chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a léiriú agus a urramú go hiomlán, lena n-áirítear dearadh chun deireadh a chur le diomailt agus truailliú, in-uasghrádaitheacht, módúlacht, indeisitheacht, in-athúsáideacht, agus in-athchúrsáilteacht na n-ábhar sa leibhéal is airde luacha, agus an chéad tosaíocht a thabhairt d'athúsáid: á iarraidh ar an gCoimisiún obair a dhéanamh chun slabhraí éifeachtacha athúsáide a áirithiú, le monaróirí gluaisteán agus le scéimeanna dliteanais leathnaithe táirgeora; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an tuairisciú a dhéantar ar fheithiclí a bhfuil a ré caite, trí bhunachar sonraí Eorpach; á iarraidh ar an gCoimisiún soiléiriú, neartú agus maoirsiú a dhéanamh ar an prionsabal nach mór díchóimeáil gluaisteáin agus athúsáid na bpáirteanna a dhéanamh i gcónaí sula ndéanfar gluaisteán a bhriseadh agus a stialladh;

65. á chur i bhfios go láidir gur gá tuilleadh taighde agus nuálaíochta a chur chun cinn maidir le próisis agus teicneolaíochtaí athchúrsála faoi Fhís Eorpach chun acmhainneacht gheilleagar ciorclach na gceallraí a mhéadú; ag aithint ról FBManna sna

---

1 Treoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2000 maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite (IO L 269, 21.10.2000, lch. 34).

hearnálacha bailithe agus athchúrsála;

***Slabhraí luacha príomhtháirgí: pacáistíocht***

66. ag athdhearbhú an chuspóra go ndéanfar gach pacáistíocht in-athúsáide nó in-athchúrsáilte ar bhealach inmharthana go heacnamaíoch faoi 2030 agus á iarraidh ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh gan mhoill, lena n-áirítear bearta agus spriocanna um laghdú dramhaíola agus ceanglais bhunriachtanacha uaillmhianacha sa Treoir maidir leDramhaíl ó Phacáistíocht chun pacáistíocht iomarcach a laghdú, lena n-áirítear sa tráchtáil leictreonach, in-athchúrsáilteacht a fheabhsú agus castacht na pacáistíochta a íoslaghdú, ábhar athchúrsáilte a mhéadú, substaintí guaiseacha agus díobhálacha a chéimniú amach, agus athúsáid a chur chun cinn; á chur i bhfáth nár cheart caighdeáin sábháilteachta bia ná sláinteachais a chur i mbaol; á iarraidh go ndíreoidh na bearta sin ar na torthaí foriomlána is fearr ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus ar lorg ísealcharbóin;

67. á iarraidh ar an tionscal, agus béim á leagan aici ar ról bunriachtanach na pacáistíochta do shábháilteacht táirgí, go háirithe sábháilteacht bia, agus sláinteachas, chomh maith le dramhaíl bia a laghdú, bearta rialála a chomhlánú le gníomhaíochtaí deonacha breise chun pacáistíocht neamhriachtanach a sheachaint tuilleadh agus méid na pacáistíochta a chuirtear ar an margadh a laghdú go suntasach, chun réitigh phacáistíochta atá níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de, níos ciorclaí agus níos neamhdhíobhálaí don aeráid a fhorbairt amhail formáidí pacáistíochta comhchuibhithe agus pacáistíocht a fhéadfar a athúsáid agus athlíonadh, agus chun úsáid pacáistíochta iompair in-athúsáidte a éascú; ag spreagadh tionscnamh amhail Comhghuaillíocht na bPlaisteach Ciorclach agus an Comhshocrú Eorpach maidir le Plaistigh;

68. á athdhearbhú go gcruthaíonn athchúrsáil ardcháilíochta éileamh margaidh iarbhír ar ábhar athchúrsáilte agus go bhfuil sí ar cheann de phríomhthosca an fheachtais chun méid iomlán na pacáistíochta atá á bailiú, á sórtáil agus á hathchúrsáil a mhéadú, á iarraidh go mbainfear úsáid as trealamh sórtála agus teicneolaíochtaí um scaradh atá nua-aimseartha agus éifeachtúil in éineacht le héicidhearthóireacht pacáistíochta níos fearr, lena n-áirítear an gá atá le réitigh phacáistíochta a athdhearadh bunaithe ar chritéir fheabhsaithe maidir le measúnú saolré;

69. á iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar chineálacha éagsúla pacáistíochta a úsáidtear sa tráchtáil leictreonach chun na dea-chleachtais a chinneadh maidir le pacáistíocht a bharrfheabhsú chun an róphacáistiú a laghdú; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le hathúsáid na n-ábhar pacáistíochta chun roinnt míreanna a thabhairt mar rogha mhalartach ar ábhair pacáistíochta aon úsáide;

70. á chur i bhfáth go bhféadfadh ról ollmhór a bheith ag bulcdhíolacháin ó thaobh úsáid phacáistíochta a laghdú, agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an cineál birt sin a spreagadh agus sábháilteacht bia agus sláinteachas á n-áirithiú ag an am céanna;

71. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról bunriachtanach ag cistí agus cláir nuálaíochta i gcás nuálaíochtaí maidir le hábhair a laghdú agus nuálaíochtaí athchúrsála;

72. ag aithint an fháis atá tagtha ar dhíolacháin ar líne, le méadú ar sheachadtaí beartán; ag tathant ar an gCoimisiún bearta a dhéanamh chun cinntiú go bhfuil díoltóirí uile ar líne,

gan beann ar an áit ina bhfuil siad lonnaithe, ag comhlíonadh na gceanglas bunriachtanach agus go bhfuil siad freagrach do na córais freagrachta leathnaithe táirgeora (EPR), agus ag rannchuidiú leo ó thaobh airgeadais de, i mBallstáit AE ina gcuirtear na táirgí ar an margadh;

73. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le bailiú agus sórtáil ar leithligh na dramhaíola ó phacáistíocht mar a chumhdaítear i dTreoir (AE) 2018/852 agus a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit í a thrasuí go tráthúil; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras sainaitheantais d’ábhair phacáistíochta (Cinneadh 97/129/CE[1]) chun bailiú ar leithligh a éascú do shaoránaigh de réir in-athchúrsáilteacht na pacáistíochta;

74. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le scéimeanna náisiúnta comhoiriúnacha aisíoca éarlaise agus féachaint an bhféadfaí an ráta bailithe is gá de 90 % de choimeádáin dí phlaisteacha a bhaint amach agus é mar chéim i dtreo margadh aonair a bhunú le haghaidh pacáistíochta, go háirithe do na Ballstáit chomharsanachta; D’fhéadfaí scéimeanna comhoiriúnacha a bhaint amach trí shrathú agus trí lipéadú códaithe agus aontaithe. Mura bhfuil scéim i bhfeidhm ag Ballstát, nó mura bhfuil sé beartaithe ag Ballstát a scéim a athdhearadh, ba cheart iad a spreagadh chun scéim a roghnú, trí bhíthin dea-chleachtas agus fianaise eolaíoch ábhartha, atá comhchosúil nó comhoiriúnach le scéim Ballstát eile;

***Slabhraí luacha príomhtháirgí: plaistigh***

75. ag tathant ar an gCoimisiún leanúint den Straitéis Eorpach maidir le hÁbhar Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach a chur chun feidhme, go háirithe ó thaobh dearadh, samhlacha gnó ciorclacha agus táirgí nuálacha níos fearr agus cur chuige táirge mar sheirbhís lena soláthraítear patrúin tomhaltais níos inbhuanaithe a chur chun cinn;

76. á iarraidh ar an gCoimisiún dul i ngleic le plaistigh, lena n-áirítear micreaphlaistigh, ar bhealach cuimsitheach; ag tathant ar an gCoimisiún micreaphlaistigh a chuirtear d’aon ghnó le táirgí a chéimniú amach go coitianta agus scaoileadh neamhbheartaithe na micreaphlaisteach uile ag an bhfoinse a laghdú, trí bhearta rialála éigeantacha nua, lena n-áirítear, mar shampla, ó bhoinn, ó theicstílí, ó mhóin shaorga agus ó tháirgeadh millíní plaisteacha; á chur i bhfáth gur gá na bearnaí san eolas eolaíoch maidir le micreaphlaistigh agus nanaphlaistigh a dhúnadh agus forbairt roghanna malartacha níos sábháilte agus margaí iomaíocha ina bhfuil táirgí saor ó mhicreaphlaistigh a chothú; á áitiú, ag an am céanna, go bhfuil práinn le gníomhaíochtaí gearrthéarmacha a dhéanamh; á chur i bhfios go láidir gur díghrádú macraphlaisteach sa chomhshaol is cúis leis an sciar is mó den truailliú micreaphlaisteach agus ag treisiú gur cheart bearta sonracha a dhíriú ar tháirgí plaisteacha amhail ceanglais éicidhearthóireachta le linn chéim an táirgthe chun cosc a chur ar scaoileadh micreaphlaisteach tánaisteach sa chomhshaol; á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar fhoinsí, dáileadh, cinniúint agus éifeachtaí macraphlaisteach agus micreaphlaisteach araon i gcomhthéacs na cóireála fuíolluisce agus an bhainistithe uisce báistí; á mheabhrú go dtagann 80 % den bhruscar muirí ón talamh agus ag tathant ar na Ballstáit gníomhú maidir le teophointí bruscair

---

[1] Cinneadh 97/129/CE ón gCoimisiún an 28 Eanáir 1997 lena mbunaítear an córas sainaitheantais d’ábhair phacáistíochta de bhun Threoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 50, 20.2.1997, lch. 28).

mhuirí in aibhneacha agus in inbhir;

77. á thabhairt chun suntais, i gcás táirgí aonúsáide a bheith ina n-ualach suntasach ar an gcomhshaol agus ar acmhainní, gur cheart táirgí in-athúsáidte a chur in ionad táirgí aonúsáide i gcás ina bhfuil roghanna malartacha in-athúsáidte agus/nó marthanacha ann, ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de, gan sláinteachas bia ná sábháilteacht bia a chur i mbaol; i ndáil leis sin, á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar bhearta reachtacha a dhéanamh, lena n-áirítear an Treoir maidir le Plaistigh Aonúsáide a leathnú i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Treoir sin; á iarraidh ar an gCoimisiún obair a dhéanamh chun caighdeáin a fhorbairt maidir le pacáistíocht in-athúsáidte agus ionadaigh le haghaidh pacáistíocht, gréithe agus sceanra aonúsáide;

78. ag aithint go bhféadfadh ról a bheith ag plaistigh bhithbhunaithe, in-bhithdhíghrádaithe agus inmhúirínithe sa gheilleagar ciorclach, ach ag tabhairt rabhaidh nach mbeidh plaistigh bhithbhunaithe agus/nó in-bhithdhíghrádaithe amháin ina réiteach ar na hábhair imní comhshaoil a bhaineann le plaistigh, á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé feasacht a mhúscailt maidir le húsáid chuí plaisteach bithbhunaithe agus in-bhithdhíghrádaithe;

79. ag spreagadh go ndéanfaí caighdeáin dhomhanda shoiléire d'ábhair, do tháirgí, do dhearadh, d'athchúrsáil a mholadh;

80. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit creat comhsheasmhach trédhearcachta agus oibleagáidí tuairiscithe a chruthú do gach gníomhaí sa slabhra luacha maidir le táirgeadh, trádáil, úsáid agus bainistiú deireadh ré plaisteach;

81. ag tathant ar an gCoimisiún scéimeanna EPR a fhorbairt ina mbeidh táirgeoirí freagrach as deireadh ré táirgí plaisteacha;

***Slabhraí luacha príomhtháirgí: teicstílí***

82. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá straitéis chuimsitheach nua AE do theicstílí chun inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht, mar aon le hinrianaitheacht agus trédhearcacht in earnáil teicstíle agus éadaigh AE, a chur chun cinn agus nádúr domhanda na slabhraí luacha agus an ghné a bhaineann le 'mearfhaisean' á gcur san áireamh; á iarraidh go ndéanfaidh an straitéis tacar comhleanúnach d'ionstraimí beartais a thíolacadh agus tacaíocht a thabhairt do shamhlacha nua gnó chun aghaidh a thabhairt ar raon iomlán na dtionchar comhshaoil agus sóisialta ar fud an tslabhra luacha agus chun feabhas a chur ar dhearadh teicstílí chun marthanacht, in-athúsáidteacht agus in-athchúrsáilteacht mheicniúil agus úsáid snáithíní ardcháilíochta a mhéadú, go háirithe trí theaglaim ceanglas maidir le cineál éicidhearthóireachta, scéimeanna freagrachta táirgeora, agus scéimeanna lipéadaithe;

83. á chur in iúl gur díol sásaimh di cur i bhfeidhm an chreata nua beartais táirgí maidir le teicstílí, agus á chur i bhfáth nach mór dó tosaíocht a thabhairt do chosc dramhaíola agus do mharthanacht, d'in-athúsáidteacht agus d'indeisitheacht chomh maith le dul i ngleic le ceimiceáin ghuaiseacha agus dhíobhálacha i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola; á iarraidh go ndéanfar bearta do chéim an deartha agus an táirgthe i gcoinne caillteanas micrea-shnáithín shintéisigh, agus bearta eile amhail réamhníochán tionsclaíoch rialaithe coisctheach agus neamhthruaillithe agus caighdeáin le haghaidh meaisíní nua níocháin a fheistiú le scagairí micrea-shnáithín a fhorbairt; á iarraidh go

mbeidh critéir shonracha deiridh dramhaíola ar fud AE maidir le teicstílí;

84. á iarraidh go mbeidh cur i bhfeidhm an chreata nua beartais táirgí maidir le teicstílí comhleanúnach le hionstraimí beartais eile, eadhon an togra atá ar na bacáin le haghaidh reachtaíocht AE maidir le Cearta an Duine agus Dícheall Cuí Comhshaoil, chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna maidir le cearta oibrithe, cearta an duine agus comhionannas inscne ag gach céim den slabhra luacha teicstíle.

*Slabhraí luacha príomhtháirgí: foirgníocht agus foirgnimh*

85. á iarraidh ar an gCoimisiún tionscnamh an 'Rabharta Athchóirithe' a chur chun feidhme go hiomlán i gcomhréir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, agus éagsúlacht na hearnála á cur san áireamh ag an am céanna; á iarraidh ar an gCoimisiún ceanglais chothrománacha agus táirgeshonracha a leagan síos; ag cur béim ar an acmhainneacht atá ann do ghás ceaptha teasa a laghdú agus do shochair chomhshaoil trí shíneadh a chur le saolré foirgneamh seachas iad a scartáil; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar spriocanna laghdaithe a leagan síos do lorg carbóin agus lorg ábhair fhoirgnimh AE agus an creat Leibhéil/Leibhéal maidir le foirgnimh inbhuanaithe a chur i bhfeidhm mar chreat ceangailteach le haghaidh feidhmíocht tógála; á chreidiúint gur gá íoscheanglais dhlíthiúla maidir le feidhmíocht chomhshaoil foirgneamh a áireamh chun éifeachtúlacht acmhainní agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú;

86. á mheabhrú an oibleagáid atá ar an gCoimisiún faoin Treoir Réime Dramhaíola breathnú ar athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna aisghabhála ábhair a leagtar amach i reachtaíocht AE maidir le dramhaíl foirgníochta agus scartála agus a codáin ábhar-shonracha agus á chreidiúint gur cheart go n-áireofaí leis sin sprioc aisghabhála ábhair le haghaidh ithreacha tochailte; ag moladh go n-áireofaí spriocanna athúsáide agus athchúrsála agus úsáid amhábhar tánaisteach i bhfeidhmeanna foirgníochta agus iad a dhéanamh inrianaithe ar bhealach níos éasca ag an am céanna; á iarraidh ar an gCoimisiún an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta a athbhreithniú agus á chur in iúl gur díol sásaimh di an fógra maidir le Straitéis le haghaidh Timpeallacht Thógtha Inbhuanaithe in 2021; á chreidiúint go lamhálfaí d'feidhmíocht fuinnimh foirgneamh níos fearr agus do chiorclaíocht níos fearr in earnáil na foirgníochta trí réitigh dhigiteacha a ghlacadh sa timpeallacht thógtha, amhail dramhaíl a rianú;

87. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé beartais a chur ar bun maidir le pleanáil tógála ardcháilíochta lena ndírítear ar athchóiriú, ar athoiriúnú agus ar úsáid leanúnach foirgneamh, i gcás inar féidir sin a dhéanamh, seachas ar fhoirgnimh nua;

88. á thabhairt chun suntais, ós rud é go bhfuil 90 % de thimpeallacht thógtha 2050 ann cheana, gur cheart ceanglais speisialta a leagan síos don earnáil athchóirithe chun go mbeidh foirgnimh go hiomlán modúlach, inoiriúnaithe d'úsáidí éagsúla agus dearfach ó thaobh fuinnimh de faoi 2050; lena n-áirítear athchóirithe doimhne, táirgeadh ar an láthair, agus in-athúsáidteacht;

*Slabhraí luacha príomhtháirgí: bia, uisce agus cothaithigh*

89. ag tathant ar an gCoimisiún togra reachtach a dhéanamh chun an sprioc maidir le cur amú bia a laghdú faoina leath faoi 2030 a chur chun feidhme i gcomhréir leis na gealltanais faoin Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', agus a bheith bunaithe ar shonraí arna dtuairisciú na Ballstáit i gcomhréir leis an Treoir Réime Dramhaíola; á iarraidh ar

an gCoimisiún an cosc ar chaillteanas bia agus ar chur amú bia feadh an tslabhra luacha bia ina iomláine a chomhtháthú i mbeartais ábhartha AE, mar a leagtar amach sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', agus á mheabhrú gur cheart na bearta sin a bheith i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola; á iarraidh ar na Ballstáit bearta cuimsitheacha a dhéanamh chun srian suntasach a chur le cur amú bia agus chun deonú bia a spreagadh;

90. á iarraidh ar an gCoimisiún bearta a dhéanamh chun lúb na gcothaitheach talmhaíochta a iamh, spleáchas na hEorpa ar allmhairiú próitéiní glasraí le haghaidh beatha ainmhithe a laghdú agus cur leis an úsáid a bhaintear as aoileach ainmhithe athchúrsáilte agus as cothaithigh orgánacha eile, amhail múirín agus díleáiteán, in ionad leasachán sintéiseach agus ardleibhéal cosanta don tsláinte agus don chomhshaol agus d'éiceachórais á áirithiú ag an am céanna;

91. á iarraidh go mbeidh geilleagar ciorclach bunaithe ar chreat rialála atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de chun éifeachtaí diúltacha tocsaineacha a d'fhéadfadh a bheith ar éiceachórais uisceacha a sheachaint; á chur in iúl gur díol sásaimh di an Rialachán a glacadh le déanaí maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce agus an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le hUisce Óil[1] agus á iarraidh go gcuirfear chun feidhme go hiomlán iad; á iarraidh ar an gCoimisiún an nasc idir uisce agus fuinneamh a chomhtháthú go hiomlán i mbeartais Eorpacha agus á mheabhrú go mbraitheann cáilíocht na n-acmhainní uisce agus an rochtain atá orthu ar chur chun feidhme maith de rialú ag an bhfoinse agus ar an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as; ag tacú le cur chuige ciorclach i gcóireáil agus i mbainistiú fuíolluisce d'fhonn aisghabháil fuíolluisce uirbigh a chothú; á thabhairt chun suntais gur féidir acmhainní a aisghabháil ó fhuíolluisce, ó cheallalós trí bhíthin bithphlaisteach go cothaithigh, go fuinneamh agus go uisce, agus trí leanúint d'anailís a dhéanamh ar roghanna athúsáide a d'fhéadfadh a bheith ann agus tomhaltas fuinnimh agus uisce a laghdú ag an am céanna; ag tacú leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh[2]; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht bearta reachtacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtúlacht uisce i bhfoirgnimh;

92. á chur i bhfáth gur féidir le méadú ar an rochtain atá ag gach duine laistigh den Aontas Eorpach ar uisce feabhas suntasach a chur ar chiorclaíocht agus spleáchas ar uisce pacáistithe a laghdú; á iarraidh go ndéanfar na forálacha i ndáil le rochtain ar uisce atá sa Treoir maidir le hUisce Óil a chur chun feidhme go hiomlán;

93. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá ról na dtáirgí bithbhunaithe inbhuanaithe, go háirithe bithdhramhaíl a aisghabháil ar bhealach níos fearr agus úsáid na n-iarmhar agus na seachtháirgí, san aistriú chuig geilleagar atá ciorclach agus neodrach ó thaobh na haeráide de;

94. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sé mar aidhm le bailiú ar leithligh bithdhramhaíola, mar a tugadh isteach leis an Treoir Réime Dramhaíola, múirín ardcháilíochta a tháirgeadh chun tacú le feabhas a chur ar ithir, le ceimiceáin neamhghuaiseacha, le táirgí eile agus le fuinneamh inathnuaite, i gcás inarb

1 Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).
2 Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

indéanta agus chun tairbhe an chomhshaoil;

95. ag cur béim ar an acmhainneacht a bhaineann le bithgheilleagar inbhuanaithe agus le hearnáil foraoisbhunaithe inbhuanaithe; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé Straitéisí Bithgheilleagair agus Bithéagsúlachta AE a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar chiorclaíocht trí ábhair bhithbhunaithe inathnuaite a chur in ionad ábhair iontaise, i gcás ina mbeidh sé sin chun tairbhe don chomhshaol agus inbhuanaithe, lena n-áirítear don bhithéagsúlacht, agus éileamh méadaitheach bithábhar iontaise á chur san áireamh;

*Níos lú dramhaíola, níos mó luacha*

96. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tosaíocht a thabhairt do chosc dramhaíola ar an gcéad dul síos, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola atá ag AE, i mbeartas táirgí agus i mbeartas dramhaíola araon; á iarraidh ar an gCoimisiún spriocanna ceangailteacha a mholadh le haghaidh laghdú foriomlán dramhaíola agus le haghaidh laghdú dramhaíola i sruthanna sonracha dramhaíola agus i ngrúpaí táirgí, chomh maith le spriocanna chun srian a chur le giniúint dramhaíola iarmharaí, san athbhreithniú ar an Treoir Réime Dramhaíola agus ar an Treoir maidir le Líonadh Talún atá beartaithe do 2024; á mheas gur cheart spriocanna maidir le hullmhú le haghaidh athúsáide agus athchúrsála a bheith scartha chun tosaíocht in ord na réiteach dramhaíola a thabhairt d'ullmhú le haghaidh athúsáide;

97. á chur in iúl gur cúis imní di cur chun feidhme neamhionann spriocanna dramhaíola AE sna Ballstáit; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit go léir na spriocanna dramhaíola atá ann faoi láthair agus spriocanna dramhaíola de phacáiste 2018 maidir le Dramhaíl a chur chun feidhme go héifeachtach agus ina n-iomláine, agus ag tathant ar na Ballstáit go léir reachtaíocht 2018 a thrasuí go hiomlán gan tuilleadh moille;

98. á chreidiúint go bhfuil praghsanna neamhiomaíocha, easpa amhábhar tánaisteach ardcháilíochta agus na margaí lena mbaineann i measc na bpríomhbhacainní ar gheilleagar ciorclach; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar bhearta chun amhábhair thánaisteacha a dhéanamh níos iomaíche agus go rannchuideoidh siad le comhshaol saor ó thocsainí ag an am céanna;

99. á mheas gur comhpháirtí láidir í an earnáil phríobháideach chun an t-éileamh agus spéis tomhaltóirí i réitigh agus i dtáirgí ciorclacha a mhéadú, agus ag tathant ar na Ballstáit tacú le cuideachtaí a bhfuil samhlacha gnó, seirbhísí nó táirgí acu lena laghdaítear úsáid dramhaíola agus úsáid acmhainní, agus úsáid a bhaint as a gcuid seirbhísí;

100. ag tacú go láidir leis an uaillmhian margadh dea-fheidhmiúil AE a bhunú le haghaidh amhábhair thánaisteacha ardcháilíochta neamhthocsaineacha – gan dochar d'fhorálacha na Treorach Réime Dramhaíola agus an Rialacháin maidir le Loingsiú Dramhaíola – agus á chur i bhfios go láidir go mbeidh comhchaighdeáin cháilíochta ag teastáil chuige sin; á mheabhrú go bhfuil an fhéidearthacht ag na Ballstáit seachtháirgí náisiúnta agus critéir deiridh dramhaíola a shainiú agus á iarraidh ar an gCoimisiún critéir chomhchuibhithe Eorpacha deiridh dramhaíola a mholadh le haghaidh príomhshruthanna dramhaíola i gcomhréir leis an Treoir Réime Dramhaíola, chun deireadh a chur le bacainní margaidh agus aisghabháil ábhair ardcháilíochta a áirithiú; ag cáineadh nár shainigh an Coimisiún critéir shonracha AE maidir le páipéar, boinn agus teicstílí, mar a ceanglaíodh leis an Treoir Réime Dramhaíola;

101. á iarraidh ar an gCoimisiún aird a thabhairt ar na rialacha maidir le gluaiseachtaí trasteorann dramhaíola d'aisghabháil idir Ballstáit AE agus machnamh a dhéanamh ar na rialacha a oiriúnú chun a soiléire agus a shothuigtheacht a mhéadú, bacainní riaracháin a bhaint agus ag an am céanna éifeachtacht na reachtaíochta maidir le cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a choinneáil, agus a gcur chun feidhme ar fud Bhallstáit AE a chomhchuibhiú, lena n-áirítear trí chóras leictreonach aonair de chuid AE a bhunú chun loingsithe dramhaíola a thaifeadadh;

102. ag tacú leis an obair leanúnach atá á déanamh ag an gCoimisiún chun cóireáil iomchuí ar dhramh-olaí a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún, mar a shainítear i dTreoir 2008/98/EC[1], togra reachtach a thíolacadh faoi 2022 ina mbeidh bearta breise chun athghiniúint dramh-olaí a chur chun cinn, lena n-áirítear spriocanna cainníochtúla a thabhairt isteach;

103. á mheabhrú go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit uile a áirithiú, faoin 31 Nollaig 2023, go ndéanfar bithdhramhaíl a scaradh nó a athchúrsáil ag an bhfoinse, nó go mbaileofar í ar leithligh agus nach meascfar í le cineálacha eile dramhaíola; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit infheistíochtaí a dhíriú chun bailiú agus múiríniú dramhaíola orgánaí a mhéadú;

104. á mheabhrú na spriocanna dramhaíola AE atá ann agus á chur i bhfios go láidir nach mór do AE agus do na Ballstáit cosc agus ullmhúchán le haghaidh athúsáide a neartú, athchúrsáil ardcháilíochta a mhéadú agus imeacht ó dhramhaíl líonadh talún, agus loscadh á íoslaghdú ag an am céanna, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola; á iarraidh ar an gCoimisiún cur chuige coiteann uile-Aontais a shainiú chun dramhaíl chathrach iarmharach nach féidir athchúrsáil a dhéanamh uirthi a bhainistiú chun a cóireáil bharrmhaith a áirithiú agus chun ró-acmhainn loiscthe dramhaíola a sheachaint ar leibhéal AE, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le héifeachtaí glasála agus bac a chur ar fhorbairt an gheilleagair chiorclaigh; á mheas, i gcás ina mbaintear úsáid as loscadh, gur cheart é sin a dhéanamh sna saoráidí aisghabhála fuinnimh is mó dul chun cinn a bhfuil éifeachtúlacht fuinnimh ard agus astaíochtaí ísle laistigh de AE acu;

105. á chur i bhfios go láidir gur réamhriachtanas é dramhaíl a bhailiú ar leithligh chun athchúrsáil ardcháilíochta a dhéanamh agus chun ábhair agus táirgí luachmhara a choinneáil sa lúb athchúrsála; ag tacú leis na pleananna atá ag an gCoimisiún bearta a mholadh chun na córais bailithe ar leithligh atá ann cheana a fheabhsú agus a chomhchuibhiú, lenar cheart na dea-chleachtais sna Ballstáit a mheas agus dálaí réigiúnacha agus áitiúla éagsúla á gcur san áireamh, agus níor cheart go mbeadh tionchar díobhálach acu ar na córais dhea-fheidhmiúla atá ann cheana; á iarraidh ar an gCoimisiún cur chun feidhme cuí na bhforálacha a leagtar síos sa Treoir Réime Dramhaíola a áirithiú;

106. á chur i bhfáth gur gá straitéisí agus beartais dramhaíola maidir le sonraí agus modheolaíochtaí láidre eolaíocha a fhorbairt, lena gcuirtear feabhas ar iontaofacht agus inchomparáideacht staidreamh AE; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, staidreamh dramhaíola a chomhchuibhiú tuilleadh, agus na sonraí maidir le hábhair agus dramhaíl athchúrsáilte a bhailiú ó thaobh an trí ní seo a leanas: bailiú, pointe iontrála go dtí an

---

1 Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

tsaoráid athchúrsála, agus méid athúsáide éifeachtaí d'ábhair athchúrsáilte;

107. á chur in iúl gurb oth léi easpa fócais na Treorach maidir le Líonadh Talún i ndáil le cosc agus, dá bhrí sin, á iarraidh go ndéanfar í a ailíniú le prionsabail uileghabhálacha CEAP agus go ndéanfar an sprioc um líonadh talún de 10 % a leagan síos maidir le bliain bhonnlíne agus cileagram dramhaíola in aghaidh an duine in aghaidh na bliana chun atreorú ó líonadh talún go loscadh dramhaíola a chosc.

108. á mheabhrú gur príomhghné í an tsiombóis thionsclaíoch chun an geilleagar ciorclach a bhaint amach trí líonraí idirnasctha a chur chun cinn ina mbeidh dramhaíl tionscail ina hamhábhar de dhramhaíl tionscail eile agus go bhféadfaidh fuinneamh agus ábhar dul timpeall i dtimthriall ar bhonn leanúnach, agus acmhainní á gcoinneáil in úsáid tháirgiúil chomh fada agus is féidir; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfar níos mó iarrachtaí chun siombóis thionsclaíoch a mhéadú ar leibhéal AE agus chun an slabhra luacha tionsclaíoch a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos iomaíche;

109. á thabhairt chun suntais, chun siombóis thionsclaíoch a fhorbairt, go mbeadh gá le críocha tuiscint níos fearr a bheith acu ar a sreabhadh áitiúil acmhainní agus é a bhainistiú níos fearr chun go mbeidh siad in ann straitéisí nua don phleanáil spásúlachta a chur chun feidhme i gcomhar le tionscail, geallsealbhóirí, riarachán áitiúil agus saoránaigh, ag tathant ar na Ballstáit a chur de cheangal ar rialtais áitiúla agus réigiúnacha deiseanna chun siombóis thionsclaíocha a shainaithint trí ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a mhapáil go críochnúil agus anailís éigeantach a dhéanamh ar shreabhadh acmhainní,

110. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé airteagal 8a(1) de Threoir Réime Dramhaíola, ina sonraítear go soiléir go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit freagrachtaí agus róil a shainiú go beacht d'Eagraíochtaí um Fhreagracht Táirgeoirí, a chur chun feidhme;

111. á mholadh go dtacaítear le forbairt slabhraí luacha áitiúla atá bunaithe ar bhithdhramhaíl a athchúrsáil chun fuinneamh inathnuaite a ghiniúint, amhail bithmheatán, chun naisc níos dlúithe a chruthú idir pobail tuaithe agus uirbeacha agus ord na réiteach dramhaíola á chur chun feidhme go hiomlán ag an am céanna;

112. á thabhairt chun suntais gur gá ciorclaíocht táirgí agus déine acmhainní a chur a áireamh i sásraí coigeartaithe trasteorann;

***An geilleagar ciorclach a thabhairt i gcrích do dhaoine aonair, do chathracha agus do réigiúin***

113. ag aithint go bhfuil ról tábhachtach ag rialtais réigiúnacha, údaráis áitiúla, pobail áitiúla agus FBManna sa gheilleagar ciorclach, i mbainistiú dramhaíola agus i gcur chun feidhme na mbeart a áirítear sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach á iarradh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le moil chiorclaíochta a bhunú agus le comhar na mol ciorclaíochta i réigiúin Eorpacha uile, i mbraislí tionsclaíocha agus i bpobail áitiúla de mheon 'Bauhaus Nua Eorpach' atá beartaithe, lena gcuirtear tacaíocht ar fáil d'fhorbairt samhlacha ciorclacha maidir le dearadh, soláthar agus bainistiú dramhaíola;

114. ag tacú leis an smaoineamh an Clár Oibre Scileanna don gheilleagar ciorclach a

thabhairt cothrom le dáta agus á iarraidh ar an gCoimisiún an Clár Oibre sin a chur in oiriúint do riachtanais shonracha fostaíochta, lena n-áirítear riachtanais oideachais agus oiliúna chomh maith le poist nua a bhfuil gá leo san aistriú chuig geilleagar ciorclach; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfuil an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach nasctha le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gceart sóisialta agus na straitéise maidir le comhionannas inscne agus aistriú cóir a áirithiú; ag cur béim ar an ról ríthábhachtach atá ag na comhpháirtithe sóisialta i ngnéithe sóisialta agus a bhaineann le hobair den aistriú chuig geilleagar ciorclach;

115. ag cur béim ar an bpríomhról atá ag tomhaltóirí i ndáil le dramhaíl a chosc agus a bhainistiú agus ar an ngá atá le rannpháirtíocht na saoránach a éascú i mbailiú dramhaíola ar leithligh; a athdhearbhú a thábhachtaí atá sé do na Ballstáit agus do na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla feasacht a mhúscailt i measc an phobail maidir le tomhaltas inbhuanaithe, lena n-áirítear samhlacha tomhaltais atá bunaithe ar athúsáid, ar chíos nó ar chomhroinnt, agus maidir le dramhaíl a chosc agus dramhaíl a shórtáil agus a dhiúscairt ar bhealach éifeachtúil;

116. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh prionsabail an gheilleagair chiorclaigh leabaithe i ngach cleachtas, agus á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit eolas agus dea-chleachtais a chomhroinnt i ndáil le hiarrachtaí éagsúla maidir le geilleagar ciorclach ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil in AE;

117. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an comhar idir rialtais, údaráis áitiúla, an saol acadúil agus gnólachtaí, lena n-áirítear táirgeoirí agus ceannaitheoirí araon, chun gníomhaíochtaí an gheilleagair chiorclaigh a spreagadh agus a mhéadú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an comhar sin a leathnú chuig geallsealbhóirí eile, amhail fiontair shóisialta, gnólachtaí nuathionscanta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha;

118. ag tabhairt dá haire go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag earnáil na seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála deiseanna fostaíochta a chruthú, agus nach mór tacú lena forbairt agus í a chur chun cinn, go háirithe tionscnaimh deisiúcháin áitiúla agus phobail, comharchumainn agus fiontair shóisialta;

119. á chur i bhfios go láidir an ról a fhéadfaidh a bheith ag Gabháil, Stóráil agus Úsáid Carbóin (CCS/U) atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, ; ag tacú le comhthéacs beartais comhtháite chun spreagadh a thabhairt d’úsáid feidhmeanna CCS/U atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de, lena ndéanfaí glanlaghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun go mbeidh an tionscal trom aeráidneodrach i gcás nach mbeidh aon roghanna díreacha maidir le laghdú astaíochtaí ar fáil[1]; á áthdhearbhú, mar sin féin, gur cheart, le straitéis an Aontais chun neodracht a bhaint amach ó thaobh astaíochtaí, tús áite a thabhairt do laghduithe ar astaíochtaí díreacha agus do ghníomhaíochtaí lena ndéanfaí linnte agus taiscumair nádúrtha an Aontais a chothabháil agus a fheabhsú[2];

---

[1] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, mír 33.

[2] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2019 maidir leis an athrú aeráide – fís Eorpach straitéiseach fhadtéarmach ar mhaithe le geilleagar rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch atá neodrach ó thaobh na haeráide de, i gcomhréir le Comhaontú Pháras, mír 13.

*Iarrachtaí ceannródaíocha ar an leibhéal domhanda*

120. ag tacú le huaillmhian an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Loingsiú Dramhaíola chun trédhearcacht agus inrianaitheacht na trádála dramhaíola laistigh de AE a áirithiú, stop a chur le dramhaíl a onnmhairiú chuig tríú tíortha a dhéanann dochar don chomhshaol nó do shláinte an duine agus dul i ngleic le hiompraíocht neamhdhleathach ar bhealach níos éifeachtaí d'fhonn a áirithiú go ndéanfar an dramhaíl uile a chóireáil i gcomhréir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh; ag tacú, thairis sin, leis an gCoimisiún na leasuithe a rinneadh le déanaí ar Choinbhinsiún Basel maidir le dramhaíl phlaisteach a chur chun feidhme agus gníomhú le lánurraim d'oibleagáidí AE faoin gCoinbhinsiún seo; á iarraidh ar an gCoimisiún díriú freisin ar na nithe seo a leanas:

- dreasachtaí airgeadais chun fíormhargadh aonair agus machaire comhréidh a bhunú d'amhábhair thánaisteacha ardcháilíochta;
- nósanna imeachta a éascú chun inniúlachtaí athchúrsála agus bonneagair chun dramhaíl a chóireáil a chur chun cinn laistigh de AE;
- córas um Malartú Leictreonach Sonraí (EDI) a chur chun feidhme chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar shreafaí dramhaíola
- an t-athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Loingsiú Dramhaíola[1] agus ar an Treoir Réime Dramhaíola a chur chun feidhme;

121. á chur in iúl gur díol sásaimh di an Chomhghuaillíocht Dhomhanda maidir leis an nGeilleagar Ciorclach agus le hÉifeachtúlacht Acmhainní chun dlús a chur leis an aistriú domhanda chuig geilleagar ciorclach a bheidh neodrach ó thaobh aeráide de agus tíosach ar acmhainní, agus á iarraidh ar an gCoimisiún na hiarrachtaí a stiúradh i dtaca le comhaontú idirnáisiúnta ar bhainistiú acmhainní nádúrtha ionas go bhfanfar laistigh de 'theorainneacha pláinéadacha' d'úsáid acmhainní nádúrtha;

122. ag tacú le hiarrachtaí an Choimisiúin ar an leibhéal idirnáisiúnta chun teacht ar chomhaontú domhanda maidir le plaistigh, agus glacadh domhanda le cur chuige gheilleagar ciorclach AE maidir le plaistigh a chur chun cinn; á chur i bhfios go láidir gur gá a áirithiú go bhféadfar na gealltanais éagsúla arna dtabhairt ar leibhéil AE agus ar leibhéil dhomhanda a rianú ar bhealach comhtháite agus trédhearcach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ceannaireacht ghníomhach a léiriú agus leanúint de bheith ag obair ar fhreagairtí idirnáisiúnta chun bruscar plaisteach muirí agus micreaphlaistigh a chomhrac;

123. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a chur de cheangal go gcomhlíonfaidh amhábhair phríomha agus thánaisteacha a allmhairítear chuig AE caighdeáin maidir le cearta an duine, sláinte an duine agus cosaint an chomhshaoil atá coibhéiseach le caighdeáin AE, lena n-áirítear tríd an togra reachtach ón gCoimisiún atá ar na bacáin maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe agus dícheall cuí, agus chun machaire comhréidh a áirithiú i bpríomhshlabhraí soláthair AE; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé comhleanúnachas a áirithiú idir beartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190, 12.7.2006, lch. 1).

maidir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, lena n-áirítear i gcaidreamh seachtrach an Aontais agus i gcomhaontuithe trádála eachtraí

124. á iarraidh ar tháirgeoirí Eorpacha freagracht a ghlacadh agus iad ag díol táirgí i dtríú tíortha agus ag moladh go ngeallfadh geallsealbhóirí tionsclaíocha go ndéanfaidh siad a bhfreagracht táirgeora a leathnú chun bailiú ar leithligh a gcuid táirgí a eagrú nó a mhaoiniú nuair is dramhaíl a bheadh iontu i dtríú tíortha; á iarraidh ar tháirgeoirí freisin aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí i ndáil le cáilíocht táirgí onnmhairithe agus táirgí a dhíoltar i margadh AE;

125. ag tacú leis an gCoimisiún plé iltaobhach maidir le leibhéil inbhuanaithe úsáidte acmhainní agus teorainneacha pláinéadacha a chur chun cinn, lena n-áirítear iniúchadh a dhéanamh ar spriocanna eolaíochtbhunaithe le haghaidh úsáid acmhainní;

126. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil géarghá le Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme maidir le hábhair a bhaineann le bainistiú agus cosaint idirnáisiúnta i gcoinne na ndochar sláinte agus comhshaoil arb iad ceimiceáin is cúis leo; á chur i bhfáth go láidir a thábhachtaí atá an próiseas faoin gCur Chuige Straitéiseach maidir le Bainistiú Idirnáisiúnta Ceimiceán (SAICM) chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh creat láidir le haghaidh bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola tar éis 2020 ag ICCM 5 in Bonn i mí Iúil 2021;

127. ag tathant ar an gCoimisiún chun úsáid táscairí maidir le héifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn trí choinbhinsiúin idirnáisiúnta chun inchomparáideacht a cheadú idir tionscail agus geilleagair agus cothrom na Féinne a áirithiú, agus chun tacú le hidirphlé agus le comhar le tríú tíortha;

128. á mheas, agus an bhuntuiscint maidir le hacmhainní teoranta na cruinne á cur san áireamh, gur cheart Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Neamhdhóthanacht Acmhainní a bhunú chun plé a chur ar bun maidir le rochtain ar acmhainní agus na himpleachtaí a bhaineann lena n-úsáid agus béim ar an inbhuanaitheacht agus ar an gcothromas;

129. á mheabhrú, chomh maith le bearta a ghlacadh chun cuspóir AE maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, gur gá aghaidh a thabhairt ar an lorg carbóin a bhaineann le héileamh AE ar tháirgí allmhairithe; á iarraidh ar an gCoimisiún bacainní ar fhás glas agus ar an éiceanuálaíocht a shainaithint agus a dhíothú mar aon leis na bacainní sin lena gcuirtear cosc nó srian ar rochtain ar an margadh do tháirgí agus do sheirbhísí ciorclacha ó lasmuigh de AE; á iarraidh ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí agus na tairbhí a bhaineann le bacainní taraifí agus neamhtharaifí ar tháirgí agus ar sheirbhísí áirithe a laghdú chun forbairt an gheilleagair chiorclaigh a spreagadh, lena n-áirítear i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá ar siúl faoi láthair ar Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife (GSP) de chuid AE; ag spreagadh an Choimisiúin, i ndáil leis an méid sin, chun gné an gheilleagair chiorclaigh a chur le raon feidhme na caibidlíochta i dtaca leis an gComhaontú maidir le hEarraí Comhshaoil, ar cheart dlús a chur léi; á iarraidh ar an gCoimisiún riachtanais speisialta fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) AE a chur san áireamh, chun cabhrú le FBManna an geilleagar ciorclach a chomhtháthú ina samhail gnó, lena n-áirítear trí dhreasachtaí, agus chun tacú leo i gcur chun feidhme straitéisí gnó chun táirgí ciorclacha a onnmhairiú, go háirithe trí uirlis measúnaithe riosca a sheoladh le haghaidh rialacha tionscnaimh, arb uirlis í atá á meas ag an gCoimisiún faoi láthair; á iarraidh ar an gCoimisiún a bheith ar

thús cadhnaíochta in EDT chun aghaidh a thabhairt ar tháirgí bunaithe ar a n-inneachar carbóin mar bhealach chun cothrom na Féinne a bheith ann i gcúrsaí rialála;

130. á mheas go bhfuil gá le forálacha atá fónta ó thaobh an dlí de i gcomhaontuithe trádála chun reachtaíocht ábhartha AE maidir leis an ngeilleagar ciorclach a chosaint ó choincheap na bacainne trádála;

131. á chur i bhfáth gur uirlis bhunriachtanach é beartas trádála straitéiseach chun an t-aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach agus Clár Oibre an Aontais agus na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an domhain faoi 2030, agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh comhaontuithe trádála agus infheistíochta ailínithe le beartais an gheilleagair chiorclaigh;

132. ag spreagadh an Choimisiúin chun páirt a ghlacadh in idirphlé agus i gcomhar oscailte agus trédhearcach le comhpháirtithe trádála AE chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chuspóirí an gheilleagair chiorclaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit iarrachtaí breise a dhéanamh i bhfóraim idirnáisiúnta (UNCTAD, EDT, G20, G7) chun clár oibre AE maidir leis an ngeilleagar ciorclach a shaothrú agus chun cothrom na Féinne le comhpháirtithe idirnáisiúnta a áirithiú tríd an bhféidearthacht a bheith ann coincheap na bpasanna digiteacha a fhiosrú chun infhaighteacht sonraí maidir le hinneachar, lorg carbóin agus in-athchúrsáilteacht táirgí a chothú, chun ciorclaíocht níos fearr a chumasú agus chun freagracht leathnaithe táirgeora (EPR) agus roghanna inbhuanaithe do thomhaltóirí a chur chun cinn; ag moladh freisin, i ndáil leis an méid sin, go rachadh an Coimisiún ag obair leis na heagraíochtaí iltaobhacha ábhartha chun teacht ar chomhaontú maidir le lipéad idirnáisiúnta a bheadh éasca le tuiscint do thomhaltóirí agus lena léireofaí an féidir táirge a athchúrsáil; á chur i bhfáth, ina theannta sin, nach mór aird ar leith a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil tíortha comhpháirtíochta beagfhorbartha rannpháirteach sa gheilleagar ciorclach agus ar an gcaoi ar féidir leo tairbhe a bhaint as; á iarraidh ar an gCoimisiún prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chomhtháthú ina straitéis dar teideal *‘Towards a comprehensive Strategy with Africa’* [I dtreo Straitéis chuimsitheach leis an Afraic] go háirithe; á iarraidh ar an gCoimisiún leas a bhaint as Cúnamh don Trádáil agus GSP+ chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha cleachtais an gheilleagair chiorclaigh a ghlacadh, lena n-áirítear caighdeáin táirgí;

°

° °

133. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún